# Tuarascáil Bhliantúil **an Mhoil Dhigitigh** 2023



20 Bliain den Fhiontar agus den Chruthaitheacht Digiteach

THE DIGITAL HUB

20 BLIAIN

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Tuarascáil ón POF | 4 |
| Obair na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach | 7 |
| Ag Díriú ar an mBraisle Fiontraíochta | 10 |
| Ag Díriú ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail | 14 |
| Ag Díriú ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíonta agus Cruthaitheach | 18 |
| Ag Díriú ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú | 20 |
| Ag Díriú ar an tSeirbhís Phoiblí trí Ghaeilge | 21 |
| Cuideachtaí agus Eagraíochtaí ag an Mol Digiteach in 2023 | 22 |
| Ag Ceiliúradh Fiche Bliain den Mhol Digiteach ar an bhFód | 23 |
| Fiche Bliain den Fhoghlaim agus den Chruthaitheacht Dhigiteach | 24 |
| An Bord | 26 |
| Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 | 27 |

# Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach ar Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2023 a chur i láthair.



Mar Chathaoirleach ar Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2023 a chur i láthair.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an DHDA agus i gcomhthéacs na géarchéime tithíochta atá ag dul i méid, chinn an Rialtas in 2021 gur chóir an DHDA dhíscaoileadh agus a phunann réadmhaoine a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a fhorbairt. Le bliain anuas, bhí sé ag éirí níos soiléire de réir a chéile go dtógfadh cur i bhfeidhm an chinnidh sin níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús, agus, idir an dá linn, gur cheart don DHDA leanúint dá cuid freagrachtaí reachtúla maidir le hathghiniúint uirbeach, tacaíocht fiontair, forbairt réadmhaoine, rannpháirtíocht an phobail, agus bainistiú réadmhaoine a chomhlíonadh ar bhealaí atá ar aon dul, go straitéiseach, le forbairt fhadtéarmach an cheantair.

Tugann na naoi bhfoirgneamh inár bpunann atá in úsáid tháirgiúil ag ár mballchuideachtaí beocht eacnamaíoch agus shóisialta don limistéar atá clúdaithe ag an Mol Digiteach, agus leanaimid orainn ag cinntiú go ndéantar iad seo a chothabháil agus a fheabhsú chun timpeallacht dhearfach oibre a chinntiú. Chomh maith leis sin, leanaimid orainn ag cothabháil agus ag slánú na bhfoirgneamh nach bhfuil i riocht oiriúnach faoi láthair d'úsáid na gcliant go dtí go ndéanfar iad a athfhorbairt.

Tá rath i gcónaí ar na cuideachtaí inár mbraisle fiontraíochta. D'fhorbair roinnt acu táirgí agus seirbhísí d'úsáidí leighis agus cúraim shláinte agus d'éirigh leo a gcuid oibríochtaí a scálú. Is é a bhí i gceist leis seo ná oibriú le soláthraithe cúraim shláinte áitiúla ar dtús agus, le bliain anuas, a gcuid oibríochtaí a leathnú amach chuig margaí thar lear.

Tá baill eile ag cur go mór le hobair chun dúshláin chomhshaoil agus aeráide a mhaolú trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail bithéagsúlacht, glasú uirbeach agus faisean inbhuanaithe. Ghlac go leor daoine leis an bpatrún oibre hibridí a tháinig chun cinn mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid agus a mbíonn cuid di bunaithe in oifig agus an chuid eile, déantar ón mbaile í. Cabhraíonn ár mbeartas maidir le héascaíocht a dhéanamh do bhaill trí shocruithe léasa solúbtha a chur ar fáil dóibh a ligeann dóibh a spás oifige a mhéadú nó a laghdú de réir mar a athraíonn a gcuid riachtanas, in éineacht leis na tacaíochtaí eile agus na deiseanna líonraithe a chuirimid ar fáil, leo dul faoi bhláth.

Mar thoradh ar fhoilsiú Mháistirphlean an Pear Tree Crossing, thug an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) breac - chuntas ar a pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha don Mhol Digiteach agus don cheantar máguaird. I rith na bliana, d'oibríomar leis an LDA lena chinntiú go bhfuil ár ngníomhaíochtaí ag teacht lena bpleananna forbartha, agus go gcuireann an obair a dhéanaimid ar ár gcampas leis an bhforbairt san iomlán.

Leanaimid orainn ag tacú lenár bpobal áitiúil agus de bheith i dteagmháil leis. Tugann ár gcláir oiliúna agus múscailte feasachta do dhaoine óga eolas tosaigh ar scileanna teicniúla, cruthaitheacha agus sóisialta éagsúla na 21ú haoise dóibh, lena n - áirítear róbataic, braiteoirí, léiriú físe, innealtóireacht fuaime, agus dearadh tionsclaíoch — a bhfuil réiteach fadhbanna agus cumarsáid i gceist leo ar fad. Téann ár gClub Surfálaithe D8 i mbun cohórt aoise níos sine i seisiúin sheachtainiúla ina ndéantar éascaíocht dóibh a gcumas i dteicneolaíochtaí digiteacha a úsáid a fhorbairt. Tá an tionscadal Smart D8, ina bhfuil an Mol Digiteach ina chomhpháirtí ceannais, tar éis buntáistí inláimhsithe sláinte agus folláine a thabhairt do na céadta cónaitheoirí áitiúla i sraith tionscadal píolótach, a bhfuil cuid acu á scálú agus á gcur i bhfeidhm go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta cheana féin. In 2023, d'osclaíomar foirgneamh an Bhainc mar acmhainn, ní hamháin do ghnólachtaí, ach freisin do ghrúpaí pobail áitiúla agus do chuideachtaí amharclainne áitiúla mar spás cruinnithe, cleachtaidh agus taibhithe, agus chuireamar pleananna chun cinn chun bunurlár Thúr íocónach Naomh Pádraig a oscailt le raon úsáidí den chineál céanna. Leanaimid orainn ag óstáil margadh míosúil atá ag díriú ar an ngeilleagar ciorclach agus faisean 'mall '. Thug an chéad fhéile Beta i mí na Samhna taighdeoirí acadúla, ealaíontóirí, teicneolaithe agus an pobal i gcoitinne le chéile in iniúchadh fairsing ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus ar na saincheisteanna eiticiúla agus sóisialta a bhaineann leo.

De réir mar a lean ionradh na Rúise ar an Úcráin ar aghaidh, leanamar orainn ag cur áiseanna ar fáil do dhídeanaithe chun a gcuid scileanna Béarla a fheabhsú, agus d'óstáileamar sraith seimineár chun cabhrú le himircigh le déanaí a ngnólachtaí in Éirinn a thosú agus a mhéadú.

Léiríonn an méid thuas, mar aon leis na gníomhaíochtaí eile a shonraítear sa tuarascáil seo, go bhfuil ról dearfach ag an Mol Digiteach i go leor réimsí den bheartas poiblí.Áirítear leo sin athghiniúint uirbeach, forbairt fiontraíochta, sláinte, oideachas, pobal, cuimsiú digiteach, fostaíocht, comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide, na n-ealaíona agus cultúir, oidhreachta, agus na nithe uile a bhíonn i bpáirt acu. Tá súil agamsa agus ag an mBhord, de réir mar a chuirtear ullmhúcháin chun cinn do dhíscaoileadh an DHDA, go gcomhdhlúthaítear agus go neartaítear na rannchuidithe dearfacha seo, ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag dul chun tairbhe do cheantar Bhaile Átha Cliath 8 agus don tír amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach ball d'fhoireann thiomanta an DHDA as a dtiomantas agus a dtacaíocht i rith na bliana, agus go háirithe leis an bPríomhfheidhmeannach, Fiach Mac Conghail, as a cheannaireacht spreagúil. Tá mé thar a bheith buíoch freisin as an treoir agus an gcúnamh a thug baill uile an Bhoird. I rith na bliana, d'fhág Owen Keegan an Bord ar dhul in éag dá théarma, tar éis dó breis agus deich mbliana a chaitheamh air. Le linn na tréimhse seo thug sé tacaíocht agus comhairle thar a bheith luachmhar dom féin agus don Bhord. Gabhaim buíochas ó chroí leis. Tháinig Richard Shakespeare, a chomharba mar príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ina áit ar an mBord. Cuirim fáilte roimh Richard agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin as tacaíocht a thug an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan T.D., agus an tAire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Ossian Smyth T.D., agus a gcuid oifigeach. Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leo sa bhliain amach romhainn.

**Paul Holden**
*Cathaoirleach*

# Tuarascáil ón POF

Ba chloch mhíle shuntasach í 2023 don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA). Ar an 7ú Iúil, rinneamar ceiliúradh ar ár 20ú bliain i mbun oibriúcháin.



Is éacht iontach é seo, atá níos mó fós má chuimhníonn tú ar an rannchuidiú dearfach don ngeilleagar atá déanta againn agus ar dhoimhneacht an chaidrimh atá forbartha againn leis an bpobal mórthimpeall orainn i mBaile Átha Cliath 8.

Le linn na tréimhse seo, tá spás oibre ardchaighdeáin curtha ar fáil againn do bhreis is 500 gnólacht in earnálacha na teicneolaíochta agus na cruthaitheachta agus thacaíomar le níos mó ná 3,000 post.

Tá uasghrádú déanta againn freisin ar 59,141 troigh chearnach de spás is féidir a ligean ar chíos ar fud naoi bhfoirgneamh gníomhacha, agus tá fiontair shóisialta, ealaíontóirí agus ceardaithe lonnaithe i gcuid acu freisin.

San iomlán, tá maoiniú oibríochtúil €38 milliún faighte againn ón Rialtas. Chomh maith leis sin, tá ioncam €48 milliún ginte againn.

Ní léiríonn na figiúirí láidre feidhmíochta seo ach cuid den scéal mar go bhfuil an luach a chuirimid ar fáil laistigh den bhfócas ar chabhrú le claochlú leanúnach Na Saoirsí ina ceathrú cathrach dinimiciúil.

Bhí na Saoirsí ina n-áit iontach le cónaí agus le hoibriú iontu i gcónaí agus bhí sé ríthábhachtach a bheith i gcroílár pobail iontach athléimneach chun go n - éireodh lenár gcroífheidhm mar mhol fiontraíochta.

Tríd an iliomad tionscnamh foghlama digití, comhpháirtíochtaí agus clár for - rochtana atá againn le páirtithe leasmhara áitiúla agus leis an bpobal, bhíomar mar chuid de rud éigin níos mó freisin.

Ó 2003 i leith, tá réimse tionscadal agus tionscnamh bunaithe ar theicneolaíocht á stiúradh againn, a chuir feabhas ar shaol daoine de gach aois agus cumas trí scileanna an 21ú hAois a chur chun cinn amhail smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach, cumarsáid agus comhoibriú.

Tá iarracht déanta againn freisin cuidiú leis Na Saoirsí a athrú ó bhonn agus borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil, foirgnimh thréigthe a chur ar ais in úsáid agus daoine agus gnólachtaí a thabhairt isteach sa cheantar.

Ní beag na dúshláin a bhain leis sin. Bhí an cur isteach a tharla mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19 suntasach, rud a d'fhág go raibh gá le hathruithe ar an mbealach ina n - oibrímid agus ina bhfreagraímid do riachtanais ár mball. Táim bródúil as an gcaoi ar éirigh linn an tréimhse dheacair seo a bhainistiú agus thar a bheith buíoch as na hiarrachtaí ollmhóra a rinne ár bhfoireann.

Tá bród orm a rá freisin go bhféachaimid ar aghaidh anois ó áit ina bhfuilimid láidir agus breis is 50 gnólacht agus eagraíocht ar an gcampas ag tacú le 500 post.

Tá ról ríthábhachtach ag an Mol Digiteach maidir le tacú le fiontraíocht agus cabhrú le cuideachtaí spreagúla nua agus luathchéime a lánacmhainneacht a bhaint amach. Dá réir sin, tá an - áthas orm a thuairisciú gur lean ár mballchuideachtaí de bheith faoi bhláth in 2023 agus go leor éachtaí suntasacha bainte amach acu.

Bhailigh Neuromod Devices, chun sampla amháin a lua, €30 milliún chun leathnú margaidh na Stát Aontaithe a mhaoiniú tar éis do Riarachán Bia agus Drugaí na Stát Aontaithe gléas Lenire na cuideachta a cheadú chun cóireáil a chur ar tinnitus tromchúiseach.

Roghnaíodh Akara Robotics don chlár Accelerator ag DigitalHealth.London 2023/24 mar chuideachta a bhfuil sé d'acmhainn inti freastal ar chuid de na dúshláin atá le sárú i gcúram sóisialta agus i suíomhanna ospidéil.

Idir an dá linn, bronnadh maoiniú ar patientMPower ó scéim Chúraim Shláinte um Thionscnamh Taighde na nGnólachtaí Beaga sa Ríocht Aontaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar thorthaí cliniciúla agus eacnamaíocha an chúraim atá cumasaithe go digiteach tar éis trasphlandú scamhóg.

Chun na cuideachtaí nuálacha seo agus cuideachtaí nuálacha eile a mhealladh, a óstáil agus cabhrú leo, ní mór don Mhol Digiteach timpeallacht thacúil a chothú atá spreagúil, nuálach agus chruthaitheach ag an am céanna. Déanaimid ár ndícheall gan stad gan staonadh an iliomad deiseanna a chur ar fáil dár mballghnólachtaí agus dár n - eagraíochtaí chun smaointe, réitigh, teagmhálacha agus acmhainní a roinnt.

In 2023, d'éirigh linn an-chuid ratha a bhaint amach ina thaobh seo, ag comóradh ár 20ú bliain i mbun fiontar nua agus níos mó éachtaí in oibreacha caipitil.

I measc cuid de na buaicphointí bhí uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh An Bhainc ar Shráid Shéamais mar ionad nua ildánach don phobal gnó agus don phobal cruthaitheach, agus seoladh na Féile Beta.

Ceapadh an fhéile ealaíon agus teicneolaíochta idirnáisiúnta nua seo i gcomhpháirt le Aisling Murray, coimeádaí agus léiritheoir cruthaitheach, agus le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Ag an ócáid seo, a cuireadh ar siúl i mí na Samhna, tugadh cuireadh don phobal dul i ngleic go spraíúil le teicneolaíochtaí nua, go bunúsach tástáil beta ar chuid de na saincheisteanna eiticiúla níos tábhachtaí atá os comhair na sochaí.

I rith na bliana, leanamar orainn ag reáchtáil ár gclár for - rochtana agus pobail agus ag cabhrú le gníomhaíocht gheilleagrach a ghiniúint agus a mhealladh chuig Na Saoirsí.

I mí Iúil, mar shampla, sheolamar Robo Hub, campa samhraidh píolótach nua inar chabhraigh innealtóirí ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le daoine óga áitiúla braiteoirí aimsire a dhearadh agus a chruthú, agus tá súil againn glúin nua innealtóirí a bhfuil géarghá leo a spreagadh.

Lean ár gClub Surfálaithe D8 de bheith ar siúl go seachtainiúil, ag treorú daoine breacaosta inár bpobal maidir leis an gcaoi ar féidir le teicneolaíochtaí digiteacha dul chun tairbhe dóibh ina saol laethúil. I mí Feabhra, d'oibrigh Screen 8 leis na daoine os cionn 60 chun Croí Bhaile Átha Cliath a léiriú, clár faisnéise gairid a léiríodh den chéad uair ag Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath.

Ó mhí an Mhárta go mí na Nollag, d'óstálamar margadh na míolta míosúil de chuid We LOVE Market. Díríodh ar inbhuanaitheacht, ar uaschúrsáil agus ar na healaíona agus ar cheardaíocht ag na hócáidí

seo. I mí na Bealtaine, reáchtáil Sharon Sweeney, ball FLUX agus dearthóir faisin Ócáid agus Taispeántas Inbhuanaitheachta sa Fhaisean ag An Banc. Thug sí cruthaitheoirí agus dearthóirí faisin le chéile chun feasacht a dhíriú ar éadaí inbhuanaithe agus ar éifeachtaí an fhaisin thapa ar an gcomhshaol.

I mí an Mheithimh bhí ceachtanna Béarla campasbhunaithe do dhídeanaithe ón Úcráin ar an bhfód le bliain anuas, le tacaíocht ó FIT agus ó Chros Dhearg na hÉireann.

Idir an dá linn, d'eisigh Smart D8, clár sláinte pobail a ndearna an Mol Digiteach agus comhpháirtithe eile éascaíocht air, a thríú glao ar thrialacha. Chuir ceathrar iarratasóirí iarratais rathúla isteach agus iad ag díriú ar an meanapás, cleachtadh athshlánúcháin fhisiciúil agus aipnia chodlata.

Is fearr taithí phearsanta a chur ar fhuinneamh, cruthaitheacht, tionscal agus tábhacht an Mhoil Dhigitigh, mar sin bhí an - áthas orainn fáilte a chur roimh Ossian Smyth, an tAire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, chuig ár gcampas i mí Aibreáin. Thaispeánamar gach rud idir obair ár mballchuideachtaí agus ár n - eagraíochtaí agus oibreacha caipitil leanúnacha agus phléamar acmhainneacht an Mhoil Dhigitigh amach anseo.

Leanaimid orainn ag obair go dlúth leis an Roinn agus é beartaithe aige cinneadh an Rialtais an Mol Digiteach a dhíscaoileadh a chur i bhfeidhm. Táimid ag obair go dlúth freisin leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus é ag chur chun cinn pleananna chun tithíocht inacmhainne a chur ar fáil ar láithreáin laistigh de champas an Mhoil Dhigitigh mar a shonraítear sa mháistirphlean an Pear Tree Crossing.

Tacaíonn an Mol Digiteach le fís na Gníomhaireachta Forbartha Talún don cheantar agus leanfaimid ar aghaidh ag déanamh gach is féidir linn chun seachadadh tapa tithíochta a bhfuil géarghá léi a chinntiú, rud a bhfuil sé d'acmhainn ann dlús a chur go tapa le claochlú na Saoirsí.

Ag an am céanna, rinneamar iarracht aird a dhíriú ar an bhfíric nach bhfuil agus nach féidir le máistirphlean na Gníomhaireachta Forbartha Talún na foirgnimh go léir atá faoinár mbainistíocht a chur san áireamh agus ár gcreideamh a chur in iúl gur chóir don Mhol Digiteach leanúint ar aghaidh ag áitiú agus ag feidhmiú ón mbunáit atá aige cheana féin agus ag an am céanna tacú go gníomhach le hobair na Gníomhaireachta agus í a éascú.

Tá an tuairim léirithe againn freisin gur chóir don Rialtas machnamh a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Mol Digiteach amach anseo i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun comharsanacht nua 15 nóiméad a chruthú i mBaile Átha Cliath 8 ina bhfaightear gach rud idir fhiontair áitiúla, forbairtí úsáide measctha, tithíocht inacmhainne agus an cineál áiseanna agus tacaíochta a sholáthraíonn an Mol Digiteach do ghnólachtaí, d'eagraíochtaí agus don phobal cheana féin.

Mar POF, rinne mé an cás seo agus leanfaidh mé ar aghaidh ag déanamh an cháis seo agus meas á léiriú agam ar sheasamh an Rialtais reatha maidir le todhchaí na Gníomhaireachta.

Idir an dá linn, leanfaidh cúrsaí ar aghaidh mar is gnách, agus is féidir lenár mbaill atá ann cheana agus amach anseo rochtain a dhéanamh ar ár spás inacmhainne go ceann níos mó blianta atá le teacht. Leanfaimid freisin lenár gclár fairsing rannpháirtíochta pobail agus sóisialta agus coinneoimid caoi ar na foirgnimh oidhreachta atá faoinár gcúram.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do shár - obair agus tacaíocht Paul Holden, Cathaoirleach Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh, an Bhoird agus ár bhfoirne iontaí. Agus sinne ag obair le chéile agus lenár bpobal áitiúil agus lenár bpáirtithe leasmhara, táimid ag tnúth le tógáil ar gach rud atá bainte amach againn le 20 bliain anuas.

**Fiach Mac Conghail**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# Obair na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach

**An Campas**

Faoi dheireadh 2023, bhí 66,000 méadar cearnach de spás oifige inligthe ag campas an Mhoil Dhigitigh ar fud naoi bhfoirgneamh ghníomhacha. Is é a bhí i gceist leis seo ná glanspás oifige inligthe (51,354 troigh chearnach), spás deisce aonair (2,476 troigh chearnach), agus spásanna d'imeachtaí (7,611 troigh chearnach).

Geallann an Mol Digiteach spás oibre agus tacaíocht ardchaighdeáin a thabhairt do ghnólachtaí beaga in earnálacha na teicneolaíochta agus na cruthaitheachta, d'fhiontair shóisialta, d'ealaíontóirí agus ceardaithe. Tá sé diongbháilte ar thimpeallacht a chruthú a chothaíonn cruthaitheacht agus nuálaíocht le béim ar leith ar chuideachtaí a thugann aghaidh ar dhúshláin mhóra i réimsí ar nós na sláinte, na folláine agus an athrú aeráide.

Tá sé beartaithe go n - aistreofar codanna den champas chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA), agus beidh spásanna tráchtála, fiontraíochta, taitneamhachta, cultúrtha agus pobail i gceist freisin mar chuid de thithe nua tionóntachta measctha a chur ar fáil, rud a chuideoidh le buntáistí inláimhsithe, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaint amach do Na Saoirsí. Tá an Mol Digiteach i dteagmháil leis an LDA agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) chun cabhrú leis an bpróiseas seo agus chun leanúint ar aghaidh ag cabhrú le todhchaí cheantar na Saoirsí agus an champais féin a mhúnlú.

Ar bhuaicphointí na bliana 2023 áiríodh gur thug an Mol Digiteach cuspóir nua do An Banc, iarfhoirgneamh de chuid Bhanc na hÉireann, atá suite díreach os coinne Gheata San Séamas Guinness, geata a bhfuil aithne fhorleathan air, mar ionad ildánach nua don phobal cruthaitheach agus gnó. Is sampla tábhachtach í an fhorbairt seo den chaoi inar féidir leis an Mol Digiteach dul i ngleic le tréigean sa cheantar, agus, ag an am céanna, tacú le tionscail chruthaitheacha, a bhfuil áiseanna den sórt sin ag teastáil uathu.

Rinneadh cuid de Bhá 1, iD8 Stiúideo agus Stiúideo 2 den Bhanc, mar spás solúbtha is féidir a úsáid le haghaidh réimse leathan gníomhaíochtaí.
Ba é taispeántas de shaothair ealaíne le baill stiúideo FLOSC an chéad ócáid a reáchtáladh ag an ionad agus taispeánadh saothar cruthaitheach éagsúil lena n - áirítear péintéireacht mhínealaíne, grianghrafadóireacht, léiriú amharclannaíochta, léiriú físe agus ealaín ghloine. Reáchtáil Sharon Sweeney, ball FLOSC agus dearthóir faisin inbhuanaithe, Imeacht agus Taispeántas Inbhuanaithe sa Fhaisean ag An Banc freisin agus bhain roinnt comhlachtaí amharclainne úsáid as an ionad le haghaidh cleachtaí agus léirithe lena n - áirítear an chéad taibhiú domhanda de History Play de chuid Pan Pan mar chuid d'Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath 2023..














Tá níos mó tóir ag comhlachtaí amharclainne ar spásanna d'imeachtaí sa Mhol Digiteach. Tá Amharclann na Mainistreach, Verdant Productions, Dead Centre, Pan Pan, Performance Corporation agus Once Off Productions go léir tar éis leas a bhaint as spás dá gcuid léiriúchán. Buaicphointe ar leith in 2023 ba ea an úsáid a bhain an comhlacht cáiliúil amharclainne Druid as Bá 1 san Íosta Digiteach ar feadh dhá mhí i rith mhí Aibreáin agus mhí Bhealtaine agus iad ag cleachtadh tríológ de dhrámaí de chuid Sean O'Casey, a chuaigh ar camchuairt in Éirinn ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, d'óstáil an Mol Digiteach ranganna i rith na bliana acadúla d'Acadamh Nuálaíochta COBhÁc, NCAD agus BIMM in oifigí folmha sa Grainstore, a lean de spás slán sábháilte a chur ar fáil d'Úcránaigh chun Béarla a fhoghlaim i gcomhar le Crois Dhearg na hÉireann.

Maidir le buaicphointe eile ag campas an Mhoil Dhigitigh, lean We LOVE Markets ar aghaidh ag reáchtáil a margadh na míolta míosúil ag bun Thúr cáiliúil Naomh Pádraig. Díríonn an margadh ar inbhuanaitheacht agus meallann an meascán de fhaisean seanré, mall, earraí uaschúrsáilte, mangaisíní, troscán, ealaín agus ceardaíocht agus earraí bácáilte ceardaí na céadta cuairteoirí chuig an gceantar gach mí.

Ba é Túr Phádraig an pointe fócais freisin do fhéilte na hOíche Cultúir — margadh speisialta breacsholais le We Love Markets agus The Scorched Earth Trilogy, físeán ceoldrámata teilgthe agus suiteáil fuaime le Dumbworld agus Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, chuir an Mol Digiteach suíomh ar leith ar fáil do léiriú téatair tumthach. Bhí Blue Thunder mar chuid d'Fhéile Imeallach Bhaile Átha Cliath agus cuireadh ar stáitse é go hiomlán laistigh de mhionbhus atá suite in aice le foirgneamh 10 -13 Sráid Thomáis an Mhoil Dhigitigh.

I rith na bliana, chuir an Mol Digiteach fáilte roimh thoscaireachtaí ón tSeapáin, ón Spáinn agus ón Danmhairg i measc daoine eile. Thug an tAire Ossian Smyth cuairt ar an gcampas freisin, áit ar bhuail sé le roinnt ballchuideachtaí agus eagraíochtaí ar thús cadhnaíochta maidir le IS, róbataic, teicneolaíocht sláinte, teicneolaíocht ghlas, cruthaitheacht agus na healaíona.

Fágadh ceann de na chéad fhoirgnimh a d'oscail mar spás oifige ag an Mol Digiteach, 10 -13 Sráid Thomáis, go sealadach ag deireadh 2023 chun obair deisiúcháin riachtanach a éascú agus na céimeanna tosaigh a ghlacadh chun a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus a lorg carbóin a laghdú. Cuireadh lóistín ar fáil d'áitritheoirí an fhoirgnimh in áiteanna eile ar an gcampas agus bogfaidh siad ar ais isteach le linn na chéad ráithe de 2024.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá spriocanna leagtha síos ag an earnáil phoiblí maidir le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Mar chuid den phróiseas seo, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí amhail an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), sonraí bliantúla maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a bhainistíonn an próiseas tuairiscithe thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC).

| **Úsáid Fuinnimh (MWh)** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Leictreachas (UTM) | 626 | 627 |
| Gás (Uimhir Tagartha Gásphointe) | 688 | 692 |
| Giniúint in-athnuaite ar an láthair | 8.66 | 6.16 |
| Ola gáis | 18 | 50 |
| **Tomhaltas Iomlán** | **1,332** | **1,369** |





## Giniúint an Iosta Dhigitigh ar an láthair

Rinne na painéil ghréine, atá ag feidhmiú ar fhoirgneamh an Iosta Dhigitigh ó mhí an Mheithimh 2021, 3.5 tonna carbóin measta a easáitiú in 2023. Táirgeann an tsuiteáil fuinneamh gréine seo ar córas Fótavoltach (PV) gréine 11kw ar bharr dín é, leictreachas a fhritháiríonn an gá atá leis an leictreachas sin a cheannach ón eangach chumhachta. Meastar, thar shaolré 25 bliain an chórais, go mbeidh an coigilteas iomlán os cionn sé oiread na hinfheistíochta tosaigh ó thaobh airgeadais de, agus go laghdófar an lorg carbóin go suntasach ag an am céanna.

Rinne cinneadh an Rialtais an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh difear d'fheidhmiú an tsainordaithe um ghníomhú ar son na haeráide. Níl smacht ag an DHDA air seo go dtí go mbeidh soiléire ann maidir leis an am a ndíscaoilfear an DHDA a thabharfaidh an RCAC. Cuirfear tús le hoiliúint a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar fud na Gníomhaireachta i Ráithe 2 2024 do gach ball foirne ábhartha. Beidh plean gníomhaíochta mionsonraithe ar son na haeráide mar chuid d'aon straitéis nua don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach. Ina dhiaidh sin agus uile, tá an Mol Digiteach i mbun réimse gníomhaíochtaí sa réimse seo lena n-áirítear:

- **Bee8** – fiontar sóisialta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de agus atá á bhainistiú ag Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet i gcomhpháirtíocht leis an Mol Digiteach agus Smart D8.
- **Pocket Forests** – Tá an Mol Digiteach, i gcomhpháirtíocht le Pocket Forests, tar éis Mol Crann na bhForaoisí Póca a shuiteáil ag campas an Mhoil Dhigitigh. Is í an chéad phlandlann crann dúchais in Éirinn í i suíomh i lár cathrach agus tá sí freagrach as:
    - Crainn dhúchasacha Éireannacha a chur.
    - Feidhmiú mar phointe dáileacháin chun tuilleadh crann a chur timpeall Bhaile Átha Cliath 8.
    - Nasc nua leis an dúlra a dhéamamh do dhaoine i spásanna uirbeacha.
- **Pear tree** – Tá ceann de na crainn torthaí is sine in Éirinn ar champas an Mhoil Dhigitigh. Is mór ag an nGníomhaireacht a ról maoirseachta ar an gCrann Oidhreachta seo agus óstálann sí fómhar na bpiorraí go bliantúil don phobal.

Cloíonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach go hiomlán le hImlitir 1/2020 (ina dtugtar breac — chuntas ar nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh).

# Ag Díriú ar an mBraisle Fiontraíochta

Leanadh den chúram áitíocht, ioncam agus líon na ndaoine a atógáil ar fud champas an Mhoil Dhigitigh tar éis na paindéime in 2023. Faoi dheireadh 2023, bhí líon na mballchuideachtaí tar éis ardú go 55 agus bhí an Mol Digiteach tar éis áitíocht 90% amach. Theastaigh oifigí níos mó ó roinnt gnólachtaí amhail Kavaleer, Bizimply agus AllGo in ainneoin go raibh cianobair agus obair hibrideach á gcleachtadh go forleathan.

I gcomparáid leis seo ba é 48% agus 59% ar an meán an leibhéal áitíochta in 2021 agus in 2022 faoi seach. Ba chóir a thabhairt faoi deara go léiríonn sé tionóntachtaí nó ceadúnais ar spásanna inligthe freisin agus ní chuimsíonn sé ár spásanna d'imeachtaí.


D'fhág 10 gcuideachta san iomlán an Mol Digiteach le linn 2023 mar fuair siad amach nach raibh a spás oifige á úsáid acu a dhóthain chun an costas a chosaint. Gnólachtaí réasúnta beag a bhí iontu seo ar fad atá in ann feidhmiú go leordhóthanach le baill foirne a bhí ag obair ón mbaile.

Tháinig 17 gcuideachta nua isteach sa Mhol Digiteach, síos beagán ó 19 gcinn in 2022. Ag bogadh go hinmheánach laistigh den champas a bhíothas i 2023 den chuid is mó, áfach, agus bhí deich gcuideachta ag leathnú a n - oifigí agus gan ach ceithre chuideachta ag laghdú.

Taispeánann an leibhéal gluaiseachta seo an tslí a leanann cumas cuideachtaí a dtoisí oifige a chur in oiriúint chun freastal ar a gcleachtais oibre de bheith ina ghné díolacháin tábhachtach don Mhol Digiteach.

Cé gur gnólachtaí tráchtála iad formhór na n-eagraíochtaí atá bunaithe ar an gcampas agus táirge bunaithe ar theicneolaíocht dhigiteach agus Idirlín acu, tá baint níos mó ag an Mol Digiteach freisin le tacú le tionscail chruthaitheacha agus le heintitis san earnáil phoiblí.


Tá eagraíochtaí ar nós FLUX agus Pallas Projects/ Studios, mar shampla, in ann leas a bhaint as spásanna tearcúsáidte inár bhfoirgnimh chun stiúideonna a thairiscint d'ealaíontóirí agus do cheardaithe. Tugann na graif thíos léiriú ar an réimse earnálacha agus samhlacha gnó a ndéanann ár gcuideachtaí agus ár mball - eagraíochtaí ionadaíocht orthu.








**Cuideachtaí agus Eagraíochtaí an Mhoil Dhigitigh de réir Earnála**




**55 Tionóntaí an Mhoil Dhigitigh de réir Samhla Gnó**





Agus baill ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht, sna meáin dhigiteacha agus sna tionscail chruthaitheacha in Éirinn, d'éirigh thar barr le cuid acu in 2023:

- **patientMPower** bronnadh maoiniú orthu ó scéim Chúraim Shláinte um Thionscnamh Taighde na nGnólachtaí Beaga sa Ríocht Aontaithe chun taighde a dhéanamh a dhéanann iniúchadh ar thorthaí eacnamaíocha cliniciúla agus sláinte ar chúram arna chumasú go digiteach i ndiaidh trasphlanduithe scamhóg agus chun acmhainn scálaithe theicneolaíocht patientMpower a bhailíochtú. Chomh maith leis sin, fuair an chuideachta an gradam 'Indigenous SME — Most Innovative Product' (FBM dúchasach - an Táirge is Nuálaí) ag na Health Tech Awards as a nuálaíocht maidir le cúram trasphlandaithe duánach.
- Sheol **PhotoIreland** clár nua meantóireachta faoi thionchar ealaíontóirí ar a dtugtar RELAY. Sa chéad bhliain thug an clár cuireadh d'ealaíontóirí ón diaspóra Afracach atá ina gcónaí in Éirinn iarratas a dhéanamh. Chuir an Mol Digiteach spás stiúideo comhroinnte ar fáil, ionas go bhféadfadh na healaíontóirí a gcuid oibre a fhorbairt agus bualadh leis an meantóir cláir sa tréimhse roimh Fhéile PhotoIreland sa Samhradh.
- Thiomsaigh **Neuromod Devices** €30m chun leathnú chuig margadh na Stát Aontaithe a mhaoiniú i gceann de na tiomsuithe airgid ba mhó a rinne comhlacht Éireannach sa chéad leath den bhliain. Tháinig an maoiniú mar a ceadaíodh gléas Lenire de chuid Neuromod ag an Riarachán Bia agus Drugaí, rialtóir na Stát Aontaithe, le haghaidh cóireáil tinnitus dian i margadh na Stát Aontaithe.
- Chomh maith leis sin, thiomsaigh **Good Travel Software** maoiniú suntasach ó thrí cinn de VCanna na hÉireann. Cuireann an chuideachta ardán bainistíochta léasaithe ar fáil do chabhlaigh ghluaisteán agus is é Toyota an príomhchustaiméir acu.
- Roghnaíodh **Akara Robotics** don chlár DigitalHealth. London Accelerator 2023/24 mar chuideachta a bhfuil sé de chumas aici aghaidh a thabhairt ar dhúshláin NHS agus cúraim shóisialta Londain. Bhuaigh an chuideachta an Gradam Nuálaíochta ag an 20ú Cruinniú Mullaigh Bliantúil um Shláinte sa Todhchaí i mBaile Átha Cliath agus bhain sí amach an gearrliosta den trí chuideachta teicneolaíochta sláinte Eorpacha is mó a bhfuil tóir orthu i nGradaim Tosaithe Teic Europa. Mar mholadh breise, bhuaigh a gcomhbhunaitheoir, Niamh Donnelly, an gradam Irish Tatler 'Mná na Bliana STEM' 2023.
- Bhuaigh **Total Digital** dhá Ghradam Meán Digiteach — airgead as an Suíomh Gréasáin is Fearr agus airgead as an Obair is Fearr i Seirbhísí Airgeadais Digiteacha, as a gcomhoibriú le Member's First Credit Union.
- Fógraíodh **Pocket Forests** mar fhaighteoir gradaim an chláir um Thionchar Fiontraithe Sóisialta na hÉireann. Bainfidh an chuideachta tairbhe anois as maoiniú díreach, tacaíocht agus oiliúint shainoiriúnaithe ón gclár accelerator a leanann ar aghaidh ar feadh naoi mí.
- Bhuaigh an Hidden Homeless Project le Alison Byrne (**Bean No Tí/WildBird StudioWildBird**) gradam ó Chumann Gloine na hÉireann maidir le 'Distinction in Glass' (Pas le Gradam i nGloine) mar chuid de Sculpture In Context, atá ar an taispeántas dealbhóireachta is sine agus is mó le rá in Éirinn.

## Rath na Spásanna Ilchuspóireacha


Cuireann spásanna oibre an Mhoil Dhigitigh spás tiomnaithe ar fáil do nuálaíocht teicneolaíochta agus obair chruthaitheach. Baineadh úsáid fhorleathan in 2023 as na spásanna solúbtha seo, a cruthaíodh ó spás oifige tearcúsáidte tar éis na paindéime.

Mhéadaigh an Ghníomhaireacht go mór an t - ioncam ar fud Stiúideo iD8, Stiúideo 2, agus Bá 1, agus thuill sí €88,000 san iomlán in 2023. Mar thoradh ar níos mó agus níos mó éilimh ar spás oibre d'úsáidí éagsúla idir ranganna agus chleachtaí amharclannaíochta baineadh úsáid as oifigí folmha breise sa Grainstore mar bhreis spás oibre solúbtha.

Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foirgneamh nua ar fáil freisin le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin. Athraíodh iarfhoirgneamh Bhanc na hÉireann ar Shráid Shéamais ina ionad nua ildánach don phobal cruthaitheach agus gnó. Oireann an spás mór, féinchuimsitheach, cearnach do réimse leathan úsáidí ó chleachtaí, léirithe, taispeántais, imeachtaí seolta agus láithreacha scannánaíochta go seimineáir ghnó, ceardlanna, imeachtaí líonraithe agus cúrsaí oiliúna. I measc na mbuaicphointí eile tá:

- Bhí spásanna oibre solúbtha an Mhoil Dhigitigh in úsáid thar 815 lá in 2023.
- Ghlac eagraíochtaí lasmuigh den Mhol Digiteach níos mó ná leathchuid den mhéid seo, is é sin, 422 lá.
- Bhain breis is 240 de na laethanta le ranganna Béarla a reáchtáil Crois Dhearg na hÉireann agus an tIonad um Ghéarchéim na hÚcráine in Éirinn chun tacú le hÚcránaigh; chuir an Mol Digiteach spás ranga saor in aisce agus slán sábháilte ar fáil don tseirbhís seo a raibh géarghá léi.
- Úsáideadh 111 lá le haghaidh cruinnithe inmheánacha agus seachtracha cuideachta.
- Bhain os cionn 300 cinn le cleachtaí a bhí ar siúl ag cuid de na comhlachtaí amharclannaíochta is mó a bhfuil meas orthu in Éirinn, ina measc Druid, The Abbey agus comhlachtaí níos lú ar nós Verdant Productions.
- Caitheadh 8% de na laethanta seo le haghaidh imeachtaí don phobal ar nós léirithe amharclannaíochta, agus ár gclár imeachtaí Féile Beta.
- Bhain institiúidí oideachais áitiúla, BIMM Bhaile Átha Cliath agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, úsáid as 11% dá gcláir acadúla, agus chuir cúrsa an Teastais Iarchéime sa Chruthaitheacht, Nuálaíocht agus Fiontraíocht de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath tús le ranganna sa Mhol Digiteach i mí Mheán Fómhair.

Tá spásanna ilchuspóra an Mhoil Dhigitigh anois ina saoráid luachmhar, ní hamháin dár dtionscnaimh agus dár mbaill féin, ach d'eagraíochtaí ealaíon, teicneolaíochta, gnó agus oideachais ar fud Bhaile Átha Cliath. Chuir sé seo go mór le beocht an Mhoil Dhigitigh, rud a thug go leor cuairteoirí céaduaire chuig an gcampas agus a chabhraigh le háitíocht spáis oifige a mhéadú laistigh de thréimhse níos giorra ná mar a d'fhéadfaí a dhéanamh murach sin.







# Ag Díriú ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail

Seachadann an Mol Digiteach cláir lán de shamhlaíocht a chuimsíonn réimsí éagsúla, idir scileanna an 21ú haois a fhorbairt i ndaoine idir óg agus aosta agus acmhainneacht na teicneolaíochta digití agus an ábhair dhigitigh a léiriú chun sláinte agus folláine na saoránach agus inbhuanaitheacht thimpeallacht Bhaile Átha Cliath 8 a chur chun cinn.

Tá an Mol Digiteach ina bhall gníomhach d'éiceachóras teicneolaíochta agus ábhair dhigitigh na hÉireann, i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus acadúla chun nuálaíocht a chur chun cinn le hacmhainn scálú a dhéanamh. Téann cláir an Mhoil Dhigitigh i dteagmháil le daoine éagsúla a bhfuil aoiseanna, cumais agus spéiseanna éagsúla acu sa phobal áitiúil agus san éiceachóras digiteach i gcoitinne.

**Tionscadal Ceoil Liber8**

Chuir ocht nduine dhéag ó Bhaile Átha Cliath 8 tús le Tionscadal Ceoil Liber8 i mí an Mhárta, agus iad á dtumadh féin i gclár cruthaitheach 10 seachtaine a chlúdaíonn Stíleanna Ceoil, Teicnící Taibhithe agus Taifeadadh agus Dearadh Fuaime. Cabhraíonn an clár le daoine óga an cineál scileanna ón 21ú haois a shealbhú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach dá ngairmeacha beatha amach anseo. Cuireadh críoch leis an gclár le gig taispeántais a reáchtáladh ag BIMM Bhaile Átha Cliath agus i gcás go leor daoine ba é an chéad uair go raibh siad ag seinm beo ar an stáitse os comhair an teaghlaigh agus cairde.

**Screen8**

Lean Screen 8, clár scannánaíochta faoi thionchar an phobail a reáchtáiltear i gcomhpháirtíocht le Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath, ag obair leis na daoine os cionn 60 i mBaile Átha Cliath 8. Léiríodh a ngearrchlár faisnéise — Croí Bhaile Átha Cliath — den chéad uair mar chuid den Fhéile Scannán i mí Feabhra. Ba iad na rannpháirtithe féin a cheap, a thaifeadaigh agus a léirigh na hagallaimh, na físigh, agus an ceol chun a scéalta, a ndearcthaí agus a gcuid mhothúcháin faoi Bhaile Átha Cliath 8 a chur in iúl. Eispéireas dúshlánach ach fíor-thairbheach mar sin féin ab ea é.

**Robo Hub**

Ba champa samhraidh píolótach é Robo Hub do dhaoine óga ó Bhaile Átha Cliath 8 a dearadh chun turas isteach i saol na hinnealtóireachta a spreagadh. Threoraigh innealtóirí róbataice ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, na rannpháirtithe óga trí phróiseas inar dhear, fhréamhshamhaltaigh, agus inar úsáid siad a gcuid braiteoirí aimsire féin. D'éirigh go maith leis an scéim phíolótach, agus tá sé i gceist ag an Mol Digiteach an curaclam a chur in oiriúint do leanaí bunscoile agus é a sheachadadh do scoileanna áitiúla in 2024.








### Critical ChangeLab//Beta

Chabhraigh an Mol Digiteach leis an gclár nua iarscoile saor in aisce seo a éascú do dhaoine idir 14 agus 17 mbliana d'aois atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. Spreag an cúrsa rannpháirtithe chun dúshláin áitiúla agus domhanda a bhfuil tionchar acu ar an áit a bhfuil cónaí orthu a aithint agus dul i ngleic leo le chéile. Ar fud an chláir sé seachtaine d'úsáid siad uirlisí agus modhanna cruthaitheacha agus digiteacha éagsúla lena n - áirítear réaltacht mhéadaithe agus fhíorúil chun todhchaí inbhuanaithe a shamhlú, agus a n - aschuir á dtaispeáint i suiteáil dhigiteach ag an bhféile Beta. Chuir taighdeoirí ó Choláiste na Tríonóide agus ón Scoil Oideachais agus ó Institiúid Taighde Ealaíon agus Daonnachtaí Mhol an tSeomra Fhada i gColáiste na Tríonóide agus HoloGen, cuideachta a éascaíonn foghlaim chruthaitheach in VR, an Critical ChangeLab//Beta ar fáil.

### An Dúshlán Físeáin D8 Le Chéile

Is clár é an Dúshlán Físeáin D8 Le Chéile do dhaltaí meánscoile áitiúla a sheachadtar i gcomhpháirtíocht le CB Media agus a chuirtear ar siúl thar 11 seisiún a mhaireann uair an chloig an ceann, i suíomh iarscoile nó inscoile. Bronnadh teastas críochnaithe ar gach dalta chun aitheantas a thabhairt don éacht a rinne siad agus na scileanna a fuair siad a dhoiciméadú, scileanna a bheidh úsáideach dá ngairmeacha beatha amach anseo. Rinneadh meastóireacht ar thionchar an chláir ar scileanna léirithe físeán, meabhairshláinte agus athléimneacht na rannpháirtithe. D'fhreagair na mic léinn suirbhé agus thuairiscigh siad méadú 75% ar a muinín go ginearálta.

### Teen-Turn — an Dúshlán Technovation

Chuaigh an Mol Digiteach i gcomhpháirtíocht le Teen-Turn arís i mbliana don Dhúshlán Technovation 2023. Thosaigh na seisiúin arís i mí Eanáir. Reáchtáladh 12 cheann san iomlán do scoileanna i 10 gcontae éagsúla. Tugann an clár na scileanna do mhná óga idir 10 agus 18 mbliana d'aois atá uathu chun a bheith ina bhfiontraithe agus ina gceannairí teicneolaíochta. Le tacaíocht ó mheantóirí deonacha, oibríonn cailíní i bhfoirne chun aipeanna móibíleacha a chódú a thugann aghaidh ar fhadhbanna ón bhfíorshaol atá aitheanta acu. Tugann an curaclam dúshlán freisin do chailíní plean gnó a thógáil a fhéadann a n - aip a thabhairt chun an mhargaidh.

### Fómhar Pobail an Chrainn Piorraí

Reáchtáladh fómhar pobail bliantúil an Mhoil Dhigitigh dá chrann piorraí cáiliúil i mí Mheán Fómhair agus d'fhreastail ionadaithe pobail áitiúla agus mic léinn ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha (NCAD) atá in aice láimhe air. D'fhoghlaim Gareth Kennedy, Léachtóir agus Comhordaitheoir an chláir Field de chuid NCAD, agus a chuid mac léinn faoi thábhacht an chrainn stairiúil seo. Bhain siad úsáid mhaith as a chuid torthaí nuair a rinne siad subh piorraí mar chuid dá n - obair chúrsa. Spreagann NCAD Field na mic léinn chun nascadh leis an timpeallacht uirbeach.

### Máistir-ranganna Gnó do Dhaoine Imeallaithe

Chomhoibrigh an Mol Digiteach, Tionscnamh na nDoirse Oscailte agus Bealaí chun Dul Chun Cinn ar shraith máistir - ranganna 'Cuir tús le Do Ghnó '. Agus iad á sheachadadh ag saineolaithe tionscail, tá sé mar aidhm ag na seimineáir ag an Mol Digiteach cabhrú le himircigh, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn tús a chur lena ngnó agus é a mhéadú in Éirinn. I measc na n - ábhar a pléadh bhí pleanáil agus straitéis ghnó, conas do bhealach a dhéanamh trí chóras cánach na hÉireann agus margaíocht dhigiteach do ghnólachtaí beaga.

### Seachtain na hEolaíochta ag an Mol Digiteach

Le haghaidh Seachtain na hEolaíochta, d'óstáil an Mol Digiteach an Tionscadal Global Desires de chuid Outlandish Theatre Platform, a comhchruthaíodh, le taibheoirí agus eolaithe, agus chuir HoloGen ceardlann um Chódú Cruthaitheach ar fáil do mhic léinn agus do mhúinteoirí ó scoil áitiúil.

### An Seaimpín Sochaíoch um Thaighde

Tá an Mol Digiteach i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí chun tacú le taighde ceannródaíoch atá ábhartha d'éiceachóras an Mhoil Dhigitigh. Tá dhá thionscadal, ar bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann maoiniú orthu, ar bun le hOllscoil na hÉireann, Má Nuad, Institiúid Náisiúnta Tyndall, agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá taighde intleachta saorga agus teicneolaíochtaí luchtaithe nuálacha ceannródaíocha á gcur chun cinn go gníomhach ag na tionscadail seo i suíomhanna fíorshaoil agus tá ról lárnach ag an Mol Digiteach i mbailíochtú an mhargaidh ar na céimeanna chun tosaigh sin.

### Saotharlanna Deartha NCAD i gcomhpháirtíocht le FSS Spark agus an Mol Digiteach

Sheol an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha i gcomhpháirtíocht le FSS Spark agus an Mol Digiteach, an chéad Saotharlann Deartha NCAD, atá tiomanta do thaighde agus do réitigh nua a dhearadh atá bunaithe ar shláinte agus atá á stiúradh ag comhoibriú leis an tionscal, leis an saol acadúil agus le comhpháirtithe sa phobal i gcoitinne. Baineann an tionscnamh le comhoibriú le hOspidéal San Séamas, RCSI agus Ospidéal an Mater chomh maith le bheith ag obair go díreach le Clár Nuálaíochta FSS Spark agus leis an Mol Digiteach chun réitigh atá bunaithe ar shláinte a dhearadh.

**Smart D8**

Is tionscnamh é Smart D8 chun sláinte agus folláine saoránach i mBaile Átha Cliath 8 a fheabhsú trí chomhoibriú agus nuálaíocht. Tá sé ar cheann de chúig Cheantar Chliste atá mar chuid de chlár Smart Dublin. Tá an Mol Digiteach ar cheann de thrí phríomhpháirtí, in éineacht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal San Séamas. I measc na mbuaicphointí in 2023 bhí:

- Fuair an tríú glao ar ghníomhaíochtaí píolótacha sa chlár Smart D8 an líon is mó iarratas riamh agus roghnaíodh ceithre thionscadal chun an ciste €50,000 a roinnt d'fhonn a gcuid oibre reatha a chur chun cinn. Dhírigh na tionscadail a dtacaítear leo ar an meanapás, ar athshlánú fisiciúil, ar aclaíocht agus ar aipnia chodlata.
    1. Is tionscadal píolótach é **Menopause and the City** atá ag iarraidh éiceachóras oideachais níos fearr a chruthú timpeall ar shláinte an mheanapáis do dhaoine aonair chomh maith le teaghlaigh agus cairde araon.
    2. Is aip bisithe pobalbhunaithe é **Brace** a fhéachann le cuidiú le hothair atá i mbun athshlánaithe fhisiciúil.
    3. Is é **MoveAhead** an chéad ardán rianaithe agus anailíse gluaiseachta ar domhan a tógadh go sonrach do leanaí. Cuireann sé eolas ar fáil agus tugann sé deis cluichí a imirt chun cabhrú le feabhas a chur ar scileanna gluaiseachta leanaí.
    4. Is aip í **Obstructive Sleep Apnea (OSA) Identifier** atá deartha chun sonraí sa bhaile a sholáthar ar féidir le speisialtóirí cliniciúla athbhreithniú a dhéanamh orthu, agus a fhéadann a bheith mar bhonn eolais ag diagnóis agus roghanna cóireála le haghaidh aipnia chodlata agus iad a bhrostú.
- Reáchtáil SmartD8 a chéad imeacht taispeántais, mar chuid de Sheachtain Náisiúnta um Chlaochlú Seirbhíse Poiblí in Éirinn 2023. Thug an taispeántas deis don lucht freastail na leibhéil chomhoibrithe a bhreathnú ar fud an 12 eagraíocht san earnáil phoiblí atá mar chuid de chuibhreannas Smart D8 agus foghlaim faoin nuálaíocht atá ar siúl trí chur i láthair agus trí phlé painéil ó threoraithe píolótacha Smart D8.
- Bhí Smart D8 ar an ngearrliosta maidir leis na gradaim seo a leanas: HealthTech in Public Sector Digital Transformation Awards, Innovation Category for the Smart City Expo World Congress (SCEWC), agus Innovation in Public Administration for the European Public Sector Awards (EPSA).
- Tháinig an Mol Digiteach agus Smart D8 le chéile le CONNECT, Ionad Taighde SFI do Líonraí Amach Anseo, agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Design Your Future City — clár seachtaine saor in aisce do scoláirí Idirbhliana atá le reáchtáil go luath in 2024 chun iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir leis an teicneolaíocht tacú le daoine dul i ngleic le dúshláin sláinte agus folláine.
- Seoladh suíomh gréasáin nua – https://smartd8.ie – chun saothar Smart D8 a thaispeáint.

Tá pleananna ar bun chun an ceathrú glao ar thionscadail phíolótacha a sheoladh go luath in 2024. Beidh an glao píolótach seo ar oscailt arís do gach institiúid fiontraíochta agus acadúil, agus d'eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí freisin ar féidir leo réitigh nuálacha agus inscálaithe a thairiscint a thugann aghaidh ar riachtanais nach bhfreastalaítear orthu sa phobal agus ar féidir iad a chumasú trí chomhoibriú le comhpháirtithe Smart D8.




SMART D8
A Smart Dublin District









## Crann Piorraí Stairiúil ag an Mol Digiteach

Tá ceann de na crainn torthaí is sine in Éirinn ar champas an Mhoil Dhigitigh. Meastar go bhfuil an crann atá i gceist, crann piorraí den chineál Pyrus communis, thart ar 150 agus 200 bliain d'aois, de réir suirbhé a rinne Comhairle Crann na hÉireann in 2009.

In 2022, bailíodh sampla agus seoladh chuig Cumann Lucht Sábhála Síolta na hÉireann é. Sheol siadsan chuig saotharlann de chuid na Ríochta Aontaithe é chun DNA a eastóscadh d'fhonn cinnteacht a thabhairt maidir le haois agus bunáitíocht an chrainn. Bhí sé seo mar chuid de thionscadal le Gareth Kennedy, Léachtóir le Dealbhóireacht agus cleachtas Leathnaithe, sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD) atá in aice láimhe.

Dheimhnigh an anailís DNA go bhfuil an crann piorraí den chineál "Marécgal de Cour ", a dtugtar "Conseiller de la Cour " air freisin. Cineál coitianta ab ea é seo sa Bhreatain sa ré Victeoiriach, tráth óna scaipfeadh sé go tapa, mar an cineál is déanaí a bheadh sa bhailiúchán. Léiríonn an anailís ar fad go bhfuil an meastachán bunaidh ar chrann piorraí an Mhoil Dhigitigh a théann siar go dtí an chéad leath de na 1800idí ceart.

Ba é Jean - Baptiste Van Mons, fisiceoir, ceimiceoir, luibheolaí, gairneoir agus póimeolaí Beilgeach, agus póraitheoir piorraí bisiúil, a chothaigh an cineál seo. Sa bhliain 1842, sheol Van Mons beangáin den chrann piorraí chuig Alexandre Bivort, gairneoir Beilgeach a bhí ina shaineolaí ar phóimeolaíocht. Bhí tionchar ar leith ag Bivort maidir le hainmníocht tréithchineálacha piorraí a chórasú agus bhaist sé an t-ainm Conseiller a la Cour ar an gcineál in ómós do mhac Van Mons.

Sa bhliain 1847, chuir Bivort é chuig Robert Hogg, plandóir agus luibheolaí Albanach. Bhí aithne air siúd mar phóimeolaí a chuir le heolaíocht an aicmithe freisin. Ag an am seo, d'éirigh an cineál coitianta sa Bhreatain, rud a chiallaíonn, más rud é gur tháinig sé go hÉirinn ó Shasana agus seachas ón bhFrainc, mar is dóichí, nach féidir le crann an Mhoil Dhigitigh a bheith níos sine ná ón mbliain 1847.

Chun an crann stairiúil seo a cheiliúradh, reáchtálann an Mol Digiteach baint fómhair na dtorthaí don phobal go bliantúil gach fómhar. Tugtar cuireadh do ghrúpaí pobail áitiúla, baill den Mhol Digiteach, NCAD agus d'eagraíochtaí agus gnólachtaí eile atá lonnaithe i gceantar na Saoirsí páirt a ghlacadh i baint an fhómhair agus na piorraí a úsáid go maith chun cabhrú le tábhacht an chrainn seo a mharcáil mar chrann oidhreachta na hÉireann.

# Ag Díriú ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíonta agus Cruthaitheach

**Féile Beta**

Reáchtáil an Mol Digiteach, i gcomhpháirtíocht le Aisling Murray agus le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an chéad eagrán de Beta i mí na Samhna 2023 ag an Mol Digiteach agus ag ceantar na Saoirsí máguaird. Reáchtáladh an fhéile ar feadh ceithre lá a bhí lán d'ábhar tumthach, taibhiú agus plé, mar aon le taispeántas uathúil coicíse d'ealaíontóirí atá bunaithe in Éirinn agus d'ealaíontóirí idirnáisiúnta. Cuimsíodh idir an saol nithiúil agus an saol digiteach, rudaí fíora agus fíorúla, rudaí áitiúla agus rudaí an domhain mhóir trí chleachtas cruthaitheach agus criticiúil.

I measc na mbuaicphointí bhí:


- miss-communication le Joanna Walsh; suiteáil a thug deis d'úsáideoirí labhairt le Markievicz Mark1 – Intleacht Shaorga atá oilte ar thaifid stairiúla d'fhocail mhná na hÉireann – agus admháil ar a gcomhrá a phriontáil amach.
- Ent - le Libby Heaney; suiteáil thumthach 360 céim a ghlacann ríomhaireacht chandamach mar mheán agus mar ábhar araon.
- The Ethics Studio; a forbraíodh leis an gcomhpháirtí taighde féile, an tlonad Taighde ADAPT. Thug an spás seo deis do bhaill an phobail dul i ngleic le fíorábhair imní eiticiúla agus le tionchair fhíorshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.
- Prompt Battle; imeacht beo spleodrach ina raibh daoine san iomaíocht lena chéile ag baint úsáide as bogearraí téacs - go - íomhá le Sebastian Schmieg, Bernadette Geiger, agus an Fhoireann Prompt Battle.
- Teaghais le Peter Power agus Leon Butler; taibhiú idirghníomhach nua faoi thionchar lucht féachana, ag cruthú saol dofheicthe, fileata a chuir ar chumas an lucht féachana dul tríd an spás, an t - am, agus an chuimhne chun saol daoine eile a bhlaiseadh.
- Príomhchaint le Rachel O'Dwyer a raibh a leabhar Tokens ar fhadliosta Leabhar Gnó is Fearr na Bliana 2023 de chuid an Financial Times
- An Chónaitheacht 'transmediale' Beta x; cónaitheacht idirnáisiúnta nua i gcomhpháirtíocht le transmediale i mBeirlín, le tacaíocht ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann.

Tá cuntas teiste láidir ag an Mol Digiteach maidir le tacú le tionscail na teicneolaíochta digití, fiontair chruthaitheacha, agus cláir foghlama pobail i mBaile Átha Cliath 8 agus laistiar de. Tá Beta dírithe ar dhá rud: a bheith ina bhuaic ar ghníomhaíochtaí éagsúla laistigh de champas na Saoirsí agus a bheith ina thúsphointe le haghaidh tuilleadh plé ar conas inrochtaineacht teicneolaíochtaí casta do phobail a fheabhsú. Tá gealltanas tosaigh cúig bliana tugtha ag an Mol Digiteach don bhféile agus go déanach in 2023 cuireadh tús le pleanáil don dara Féile Beta a bheidh ar siúl i bhFómhar 2024.







**Gradam an Mhoil Dhigitigh**

Ó 2018 i leith tugann Gradam an Mhoil Dhigitigh aitheantas do thionscadal bliana deiridh den scoth le mic léinn na Meán Digiteach Cruthaitheach ag OT Bhaile Átha Cliath-Bhaile Bhlainséir. Wiktoria Rogalska a bhuaigh an gradam 2023 as a tionscadal bliana deiridh — The Unseen World Of Dreams — beochan 3T a thugann an breathnóir ar aistear aislingí dhaoine lagamhairc.

**Ag Tacú le Féile na Saoirsí**

Ó thús measartha maith i 1970, tá Féile na Saoirsí tar éis fás go féile seacht lá sna Saoirsí a dhéanann ceiliúradh ar cheol, ar chultúr, ar an gcomhshaol agus ar shláinte agus ar fholláine. Maidir le Féile 2023, chuir an Mol Digiteach a chuid spásanna ar fáil do roinnt imeachtaí, lena n - áirítear taispeántas grianghrafadóireachta Humans of The Liberties ag An mBanc. Bhí bailiúchán portráidí agus scéalta ann a d'fhorbair daoine óga ag Ionad Oiliúna na Saoirsí. Ba é an  Learning Studio an t - ionad le haghaidh ceardlainne ar conas do Bhraiteoir Cáilíochta Aeir féin a thógáil le Tog Hackerspace. Thug an cheardlann phraiticiúil um eolaíocht do shaoránaigh seo cuireadh do mhuintir na háite foghlaim faoi thruailliú aeir agus iad ag díriú ar thruailliú áitiúil, séasúrach agus truailliú mar thoradh ar imeachtaí.

# Ag Díriú ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ina phríomhthaca i gcónaí ag Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach. Agus mar chúram aige campas comhoibritheach a reáchtáil do chuideachtaí, d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair atá ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht, sna meáin dhigiteacha agus sna tionscail chruthaitheacha in Éirinn agus athghiniúint uirbeach a éascú i gceantar na Saoirsí, is féidir leis an nGníomhaireacht ról lárnach a bheith aici maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn.

Ar chuid d'obair na Gníomhaireachta sa réimse seo in 2023 áiríodh:

- D'éirigh le gach ball foirne de chuid na Gníomhaireachta modúl ríomhfhoghlama ar Chomhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí a chríochnú. Choimisiúnaigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an modúl ríomhfhoghlama seo (https://elearning.ihrec.ie/) chun cur ar chumas seirbhíseach poiblí brí agus luach an chomhionannais, chearta an duine agus Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí a fhiosrú ina gcuid oibre laethúla.
- Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar a Cód Iompair Foirne lena n - áirítear:
    - Tiomantas do chomhionannas deiseanna agus éadulaingt i leith idirdhealaithe agus ciaptha in obair uile na Gníomhaireachta.
    - Leagtar amach i gCairt um Dhínit ag an Obair na Gníomhaireachta go gcaithfear go cothrom le gach duine agus go dtabharfar meas dóibh as a saintréithe agus a n - éagsúlacht.
- Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar a lámhleabhar foirne lena n - áirítear:
    - Tiomantas chun caitheamh go cothrom le gach fostaí, custaiméir agus teagmhálaí gnó, beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine, stádas socheacnamaíoch nó ballraíocht den Lucht Siúil.
    - Tiomantas chun cóiríocht réasúnta agus na háiseanna coimhdeacha riachtanacha a chur ar fáil d'fhostaithe reatha agus chun comhionannas deiseanna a chur ar fáil do gach fostaí ionchasach.
    - Beartas nua um Dhínit ag an Obair a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh iarratas isteach ar mhaoiniú caipitil chun inrochtaineacht foirgneamh ag campas an Mhoil Dhigitigh a fheabhsú, lena n - áirítear príomhfhoirgneamh an Iosta Dhigitigh.
- Lean an Ghníomhaireacht uirthi ag cinntiú go gcomhlíonann a suíomh gréasáin corparáideach riachtanais inrochtaineachta.
- D'óstáil an Ghníomhaireacht le himeachtaí agus tionscnaimh éagsúla a thagann lena cuid oibre maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus agus thacaigh sí leo. I measc na samplaí bhí:
    - Maidin chaife chun Lá Idirnáisiúnta na mBan (IWD) a chomóradh, inar tugadh cuireadh d'fhiontraithe mná ó champas an Mhoil Dhigitigh labhairt agus freagairt maidir le téama an IWD — #EmbraceEquity.
    - Eisíodh sraith nua físeán faoi cheannaireacht ar bhealaí meán sóisialta an Mhoil Dhigitigh inar cuireadh mná a bhí ag obair in earnálacha éagsúla agus ag céimeanna éagsúla dá ngairmeacha beatha faoi agallamh.
    - D'óstáil an Mol Digiteach seoladh Menopause and The City — treoirthionscadal Smart D8. Is é a bhí i gceist leis an tionscadal ná suíomh gréasáin acmhainní a sheoladh atá deartha le bheith ina ionad ilfhreastail le haghaidh faisnéise ar féidir leis mná a chumhachtú faoin meanapás agus faoina bhainistiú. Chuir an Mol Digiteach tacaíocht caidrimh phoiblí ar fáil freisin chun cabhrú leis an tionscadal tábhachtach seo a mhéadú.
    - Bhí an Mol Digiteach ina 'chomhpháirtí pobail' de chuid Bootcamp TechFoundHer — imeacht nua a bhfuil sé mar aidhm aige rath agus infheictheacht bunaitheoirí ban gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta a chothú go háitiúil agus ar fud an domhain trí scileanna a fhorbairt, inniúlacht a chruthú agus pobal a chothú.



# Ag Díriú ar an tSeirbhís Phoiblí trí Ghaeilge


Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh lena cuid oibre ag comhlíonadh a cuid dualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. In 2023, rinneamar bearta éagsúla chun Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh, lena n - áirítear:

- Freagra a thabhairt i nGaeilge ar aon chomhfhreagras a fuarthas i nGaeilge.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar stáiseanóireacht oifigiúil lena chinntiú go bhfuil sí ag úsáid na Gaeilge mar is cuí.
- Príomhcháipéisí oifigiúla (ar nós ár dtuarascáil bhliantúil) a fhoilsiú i nGaeilge.
- An fhoireann a spreagadh chun leas a bhaint as na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge d'fhonn soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a éascú.

Éilíonn forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 go mbeadh 20% d'fhógraíocht chomhlachtaí poiblí i nGaeilge, agus caithfidh siad 5% dá chaiteachas fógraíochta a chaitheamh sna meáin Ghaeilge. Níor thug an Ghníomhaireacht faoi aon fhógraíocht a thagann faoi raon feidhme na bhforálacha seo le linn 2023.

Caitheadh €1,811 (ex CBL) san iomlán ar sheirbhísí aistriúcháin in 2023. I measc na seirbhísí sin bhí an t - aistriúchán ar ár dtuarascáil bhliantúil agus ar ár gcáipéisíocht a úsáideadh i bhfeachtais earcaíochta éagsúla.





# Cuideachtaí agus Eagraíochtaí ag an Mol Digiteach in 2023

1. aCGT Vector
2. Aerial
3. Aine O'Sullivan Casting and Audience Design le Sile Culley
4. Akara Robotics
5. All Ireland Insurance
6. Allgo
7. Amplify Agency
8. Ballyfermot Chapelizod Partnership
9. Institiúid BIMM Bhaile Átha Cliath
10. Foireann Margaíochta Bitcoin
11. Bizimply
12. Bricolage
13. Campsited
14. CB Media
15. Container Coffee
16. Context Studios Ireland
17. Dead Centre
18. dotNice International
19. Dublin Inquirer
20. Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath
21. Eclipse Pictures
22. EnergyCAP
23. Equiendo
24. field:arts
25. Flexi - Hub
26. FLUX
27. Scoil Aisteoireachta Gaiety
28. Good Travel Software
29. H2 Learning
30. Henny Penny Vintage
31. Hustl + Flo
32. iNavtas
33. Incognito Software Systems
34. Jude Healy Creative
35. JUVO
36. Kavaleer
37. Lonely Planet
38. MEG
39. An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NACD)
40. Neuromod Devices
41. Odin Consultants
42. Pallas Projects/Studios
43. patientMpower
44. Payoma
45. PhotoIreland
46. PixelSoup
47. Pocket Forests
48. Teangacha Iar - bhunscoile Éireann
49. Quantum Information Systems
50. Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet
51. Rolling News
52. Bord Ospidéal San Séamas
53. Scribble and Stone
54. Sey Tax Limited
55. South Wind Blows
56. The Irish Countrywomen's Association (Bantracht na Tuaithe)
57. The Radharc Trust
58. Total Digital
59. Acadamh Nuálaíochta COBÁC
60. Usheru
61. UX Design Institute
62. Verdant Productions
63. VM Digital
64. Xwerx
65. Zenadrone

# Ag Ceiliúradh Fiche Bliain den Mhol Digiteach ar an bhFód

Bhí Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (DHDA) 20 bliain i mbun oibríochta an 7 Iúil 2023. Ón am seo i leith, tá rannchuidiú dearfach eacnamaíoch agus sóisialta déanta ag an nGníomhaireacht do cheantar na Saoirsí i mBaile Átha Cliath 8.

- Gineadh €48M d'ioncam tráchtála ó 2003.
- Tugadh tacaíocht do 500 cuideachta dhigiteach agus do bhreis is 3000 post ag campas an Mhoil Dhigitigh. I measc na gcuideachtaí suntasacha a thosaigh ag an Mol Digiteach nó a d'úsáid an Mol Digiteach mar láthair do thuirlingt bhog dá n - oibríochtaí EMEA tá:
    - Amazon – Lárionad Oibríochtaí Córais agus Líonra na hEorpa
    - Daft.ie (Distilled Media Group)
    - Etsy
    - Eventbrite
    - Havok (Microsoft)
    - Riverdeep (Houghton Mifflin Harcourt)
    - Lonely Planet
    - Slack
    - Stripe



- Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach spás oifige 66,000 troigh chearnach inligthe ar fud naoi bhfoirgneamh ghníomhacha ag an Mol Digiteach in úsáid ghníomhach/thráchtála. Is iad seo a leanas na foirgnimh a cuireadh in úsáid tháirgiúil trí athchóiriú mar oifigí agus spás oibre do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí digiteacha agus cruthaitheacha:
    1. 10-13 Sráid Thomáis
    2. OneFiveSeven
    3. Iosta Digiteach
    4. Malartú Digiteach
    5. An Chúirt Digiteach
    6. Townhouse Twenty2
    7. An Gatelodge
    8. An Grainstore
    9. An Banc
- Mar gheall ar an Mol Digiteach a bheith anseo spreagadh iomaitheoirí le cur fúthu agus infheistiú sa cheantar seo, agus ar an gcuma seo, tuilleadh a chur le hathghiniúint dhearfach limistéar na Saoirsí.
- D'óstáil an Mol Digiteach toscaireachtaí rialtais agus fiontraíochta ardleibhéil ó gach cearn den domhan a thug cuairt ar an Mol Digiteach chun foghlaim conas a n - earnálacha teicneolaíochta a mhéadú agus tionscadail cosúil leis an Mol Digiteach a fhorbairt ina dtíortha féin.
- Go háirithe sna blianta tosaigh ba é an Mol Digiteach, an sárthaispeántas do 'Ceann Scríbe Bhaile Átha Cliath' ar chúrsaí taistil mhórchomhlachtaí ilnáisiúnta ar nós Google in 2003, nuair a rinne siad fiosrú ar Bhaile Átha Cliath den chéad uair mar shuíomh.
- Tá an Mol Digiteach ina chomhpháirtí tacúil ag an bpobal áitiúil ó bunaíodh é, agus reáchtálann sé roinnt clár pobail do dhaoine i ngach aois.
- Ghlac breis is 20,000 duine — leanaí bunscoile agus meánscoile, daoine breacaosta agus grúpaí eile inár bpobal, cónaitheoirí san áireamh — páirt i gclár nó i ngníomhaíocht foghlama ag an Mol Digiteach idir 2003 agus 2024.

# Fiche Bliain den Fhoghlaim agus den Chruthaitheacht Dhigiteach

**2003**

Bunaíodh an Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Phobail.

**2004**

Cuireadh tús leis an gclár taispeána, tugann sé ábhar digiteach agus teicneolaíocht nua - aoiseach don phobal i gcoitinne.

**2006**

D’óstáil an Mol Digiteach na chéad cháilíochtaí in Éirinn do Chibirchluichí Domhanda.

**2007**

I meastóireacht neamhspleách ar an Tionscnamh Foghlama fuarthas méadú suntasach ar leibhéil litearthachta digití i measc na ndaoine siúd a ghlac páirt i gcláir foghlama an Mhoil Dhigitigh ó thosaigh siad ag feidhmiú in 2002.

**2008**

Chuaigh stáisiún raidió pobail, DigitalHub FM, ar an aer.

**2009**

Fuarthas amach i suirbhé a rinneadh ar 167 múinteoir sna 16 scoil a ghlac páirt i gclár foghlama an Mhoil Dhigitigh go n - úsáideann múinteoirí atá ag obair i gcomharsanacht an Mhoil Dhigitigh Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise (TFC) i bhfad níos minice ná a gcomhghleacaithe in áiteanna eile.

**2011**

Bhunaigh an Mol Digiteach agus H2 Learning na Future Creators, clár STEM lasmuigh den scoil saor in aisce chun deiseanna a thabhairt do dhéagóirí inniúlachtaí STEM a fhorbairt trí dhul i mbun tionscadal códaithe, ceoil, beochana, scannánaíochta agus eagarthóireachta.

**2011**

Seoladh tionscadal den chéad scoth — Eiseamláir Leathanbhanda na Scoileanna — i scoil áitiúil, Meánscoil na Toirbhirte Warrenmount.

## 2015

Chuir an Mol Digiteach Club Surfers D8 ar bun — tionscnamh litearthachta digití saor in aisce chun cabhrú le cónaitheoirí a bhfuil taithí theoranta acu ar uirlisí cumarsáide agus ar an idirlíon, dul ar líne agus a fháil amach conas is féidir leis an Idirlíon dul chun tairbhe dóibh ina saol laethúil.

## 2015

Bhunaigh an Mol Digiteach Daltaí Future Creators i gcomhpháirtíocht leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD) agus H2 Learning. Agus iad bunaithe ar spreagadh ó na Future Creators, cuitear Daltaí in oiriúint do chumais, spéiseanna agus riachtanais leanaí bunscoile agus forbraíonn siad inniúlachtaí STEM.

## 2017

Bhunaigh an Mol Digiteach agus BIMM Baile Átha Cliath an Tionscadal Ceoil Liber8. Clár iarscoile saor in aisce do dhaoine óga áitiúla is ea é, a bhféadfadh nochtadh teoranta a bheith acu do cheol agus do na meáin dhigiteacha murach sin, chun iad a thumadh i gclár cruthaitheach a chabhraíonn leo freisin scileanna na 21ú haoise siúd a fhorbairt atá riachtanach do bhreisoideachas agus do ghairmeacha amach anseo.

## 2017

Roghnaigh an Coimisiún Eorpach an Tionscadal Conairí Digiteacha, a spreag an clár Future Creators, mar “Scéal Ratha ”, tar éis dó cliú a tharraingt air féin mar gheall ar a thionchar, a rannchuidiú le ceapadh beartas, torthaí nuálacha agus/nó cur chuige cruthaitheach.

## 2018

Bhunaigh an Mol Digiteach agus Féile Scannán Bhaile Átha Cliath Screen8. Clár saor in aisce lasmuigh den scoil is ea é atá deartha chun deis a thabhairt do dhaoine óga na háite a bheith cruthaitheach, scileanna scannánaíochta a fhorbairt faoi mhaoirseacht scannánóirí na hÉireann, agus feasacht a fhorbairt ar ghairm bheatha i dtionscal na scannánaíochta mar aon leis an muinín tabhairt fúithi.

## 2018

Bunaíodh Clár na nEalaíontóirí Cónaithe chun beocht a chur i ndearcthaí uathúla ealaíontóirí ag an Mol Digiteach, chun cur le tionscnaimh foghlama agus pobail an Mhoil Dhigitigh agus le saol ealaíne agus cultúrtha an cheantair, agus chun tógáil ar shaothar an Mhoil Dhigitigh roimhe seo chun trasnú a chur ar fáil idir nuálaíocht, ealaín agus teicneolaíocht a rachaidh chun tairbhe d’fhiontair agus do chónaitheoirí araon.

## 2021

Sheol an Mol Digiteach mar phríomhpháirtí in éineacht le soláthraithe cúraim sláinte, institiúidí oideachais, gníomhaireachtaí Stáit agus fiontar príobháideach an tionscnamh Smart D8. Tionscnamh atá ann chun sláinte agus folláine saoránach i mBaile Átha Cliath 8 a fheabhsú trí chomhoibriú agus nuálaíocht.

## 2022

Chomhoibrigh an Mol Digiteach, Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet agus Institiúid Náisiúnta Tyndall, ar chlár nua Smart D8, is é sin, Bee8, a dhíríonn ar an bpobal a thabhairt le chéile chun nasc a fhorbairt idir an tsochaí, an dúlra agus an fholláine ag baint úsáide as beacha agus sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar éiceachóras Bhaile Átha Cliath 8.

## 2023

Reáchtáil an Mol Digiteach, i gcomhpháirtíocht le Aisling Murray agus le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an chéad Fhéile Beta chun pobail taighde agus ealaíne na hÉireann a thaispeáint agus a cheiliúradh trí mheascán de chruthaitheacht, díospóireacht agus turgnamh.

# An Bord

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as straitéis agus beartais leathana na Gníomhaireachta a leagan síos agus tá freagracht mhaoirseachta air as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Ceapann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide comhaltaí an bhoird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Maireann ceapacháin bhoird ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana, agus tá baill incháilithe lena n-athcheapadh.

Laistigh dá ghníomhaíochtaí féin agus d'úsáid coistí le téarmaí tagartha faofa, oibríonn an Bord de réir na bhforálacha atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tionólann an Bord an oiread cruinnithe gach bliain agus is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus cruinniú amháin ar a laghad in aghaidh na ráithe.

Nuair a thagann folúntais chun cinn ar an mBord, cuireann an Cathaoirleach cothromaíocht inscne an Bhoird reatha in iúl don Aire agus deimhníonn sé go gcuirfeadh an Bord fáilte roimh éagsúlacht leanúnach agus tuilleadh éagsúlachta ina bhallraíocht. Tá leasú a rinneadh le déanaí ar Acht na Gníomhaireachta tar éis ballraíocht an bhoird a laghdú go dtí ochtar stiúrthóirí. Ciallaíonn sé seo nach féidir athchalabrú na cothromaíochta inscne a bhaint amach ach amháin de réir mar a eascraíonn folúntais ón mballraíocht reatha.

**Baill an Bhoird 2023**



**Paul Holden,**
Cathaoirleach



**Fiach Mac Conghail,**
Ball den Bhord agus POF



**Austin Campbell,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin




**Stephen Casey,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Owen Keegan,**
Ball den Bhord
(Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)



**Brian Keogh,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Darina Kneafsey,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Nora Nanayakkara,**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Richard Shakespeare,**
Ball den Bhord
(Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).
*Ceapadh é i mí Mheán Fómhair 2023 ar imeacht d'Owen Keegan.*

# Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023

| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird | 28 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 34 |
| Tuarascáil an Ard - Reachtaire Cuntas agus Ciste | 36 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil | 39 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 40 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais | 41 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 42 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 43 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird

**Rialachas**

Bunaíodh Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea - rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

I mí Aibreáin 2021, chinn an Rialtas an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh agus go bhfuil a sócmhainní talún agus réadmhaoine go léir le haistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Teastaíonn reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Ní mór don POF agus don bhfoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 agus i Lámhleabhar Rialachais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na mbuanmhíreanna atá á mbreithniú ag an mBord tá:

- dearbhú leasanna;
- tuarascálacha ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- tuarascálacha ar fheidhmíocht;
- díscaoileadh na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach agus
- nithe forchoimeádta.

Ceanglaítear le hAlt 31 (4) den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 ar Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n - ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh sé de bheith i mbun oibríochta; agus
- a lua ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil a insíonn, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 31 (4) den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach trí thagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil an 22 Feabhra 2024.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta reasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

In 2023, lean an Bord lena fhreagrachtaí rialachais, agus reáchtáladh gach cruinniú Boird agus Coiste sceidealaithe. Reáchtáladh cruinnithe Boird agus Coiste ar an láthair, go cianda trí fhíschomhdháil agus ar bhealach hibrideach ar an láthair agus ar líne.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2023.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird (ar lean)

**Struchtúr an Bhoird**
Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí Cathaoirleach, seisear gnáthbhall agus ball ex - officio amháin (an POF) ar an mBord. Cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Cathaoirleach agus seisear gnáthbhall.

Leagtar amach sa tábla thíos na tréimhsí ceapacháin do dhaoine a fhónann ar an mBord le linn 2023:

| Ball den Bhord | Ról | Dáta ceaptha céaduaire | Dáta éaga an téarma |
|---|---|---|---|
| Austin Campbell | Gnáthbhall/Ionadaí an Phobail Áitiúil | 05/07/22 | 04/07/25 |
| Brian Keogh | Gnáthbhall | 03/06/16 | 02/06/24 |
| Darina Kneafsey | Gnáthbhall | 05/07/19 | 04/07/25 |
| Fiach Mac Conghail | Ball ex-officio/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 21/10/16 | 20/10/26 |
| Nora Nanayakkara | Gnáthbhall | 05/07/19 | 04/07/25 |
| Owen Keegan | Gnáthbhall/Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 07/10/13 | 08/09/23 |
| Paul Holden | Gnáthbhall\ Cathaoirleach | 29/05/12 | 04/07/25 |
| Stephen Casey | Gnáthbhall | 05/07/19 | 04/07/25 |
| Richard Shakespeare | Gnáthbhall/Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 10/09/23 | 09/09/26 |

Rinneadh Cleachtadh inmheánach ar Éifeachtacht an Bhoird agus Cleachtadh Meastóireachta in 2023. Bhreithnigh an Bord torthaí an athbhreithnithe seo ar an 22 Feabhra 2024. Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

An **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an ARC go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n - áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil gach bliain.

Ba iad baill an ARC sa bhliain: Stephen Casey (Cathaoirleach), Alice Butler (ball seachtrach), Darina Kneafsey, Victor Leonov (ball seachtrach), Nora Nanayakkara, agus Paul Holden. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2023.

**An Coiste Réadmhaoine:** Is é ról an Choiste Réadmhaoine tacú leis an mBord trí mhaoirseacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht agus ar éifeachtacht chur i bhfeidhm bheartais na Gníomhaireachta ag an mbainistíocht a bhaineann lena phunann maoine agus tuairisciú ar a thorthaí go rialta don Bhord.

Ba iad baill an Choiste seo sa bhliain: Brian Keogh (Cathaoirleach), Austin Campbell, Darina Kneafsey agus Paul Holden. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Réadmhaoine in 2023.

**Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais**

Tá sceideal i dtaca le freastal ar chruinnithe Boird agus Coiste in 2023 leagtha amach thíos. Tá na táillí agus speansais a fuair gach ball san áireamh:

| | Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Réadmhaoine | Táillí 2023 € | Speansais 2023 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Alice Butler** | - | 4 | - | - | - |
| Austin Campbell | 6 | - | 6 | 7,695 | - |
| Brian Keogh | 6 | - | 6 | 7,695 | - |
| Darina Kneafsey | 6 | 1 | - | 7,695 | 2,126 |
| Fiach Mac Conghail* | 6 | 5 | 3 | - | 124 |
| Nora Nanayakkara | 3 | - | - | 7,695 | 308 |
| Owen Keegan* | 2 | - | - | - | - |
| Paul Holden | 6 | 3 | 2 | 11,970 | - |
| Richard Shakespeare* | 1 | - | - | - | - |
| Stephen Casey | 5 | 5 | - | 7,695 | - |
| Victor Leonov** | - | 1 | - | - | - |
| **Iomlán** | **41** | **19** | **17** | **50,445** | **2,558** |

* *Ní íoctar táillí le baill an Bhoird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoin treoir 'Prionsabal Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin', arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Dá bharr sin, ní raibh táillí á bhfáil ag triúr de bhaill Bhord an DHDA, le linn na bliana (Fiach Mac Conghail, Owen Keegan agus Richard Shakespeare).*

** *Ball seachtrach gan íocaíocht den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.*

Íocadh táillí le baill an Bhoird ag na rátaí caighdeánacha faofa i leith na dtréimhsí a bhí i gceist.

**Príomh - Athruithe Pearsanra**

Bord

- Chuaigh Owen Keegan ar scor mar Bhall den Bhord an 8 Meán Fómhair 2023 mar gheall ar dhul in éag a théarma.
- Tháinig Richard Shakespeare ar an mBord ar an 10ú Meán Fómhair 23 ar feadh téarma trí bliana nó go dtí dáta foirceanta a théarma oifige (mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath), nó go dtí cibé tráth a dhíscaoiltear bord an DHDA, cibé acu is luaithe.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

- D'éirigh Victor Leonov as a phost mar bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 23 Feabhra 2023.
- D'éirigh Paul Holden as a phost mar Bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 26 Iúil 2023.
- D'éirigh Nora Nanayakkara as a post mar Bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 26 Iúil 2023.
- Ceapadh Darina Kneafsey mar Bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 26 Iúil 2023.

An Coiste Réadmhaoine

- D'éirigh Darina Kneafsey as a post mar Bhall den Choiste Réadmhaoine an 26 Iúil 2023.
- Ceapadh Paul Holden mar Bhall den Choiste Réadmhaoine an 26 Iúil 2023.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird (ar lean)

## Nochtaí a Éilítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach le riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 é. Éilítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód.

## Costais Chomhairleoireachta

Áirítear ar chostais chomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---:|---:|
| Comhairle dlí | 10,379 | 12,391 |
| Comhairleoireacht agus athfhorbairt | 69,586 | 56,251 |
| Sláinte agus sábháilteacht | 3,218 | 3,218 |
| Rialachas | 6,175 | 13,795 |
| Luacháil réadmhaoine | 6,115 | 12,667 |
| Iniúchadh inmheánach agus cáin | 39,003 | 52,590 |
| **Costais chomhairleoireachta iomlána** | **134,476** | **150,912** |
| Costais chomhairleoireachta arna gcaipitliú | 69,586 | 56,251 |
| Costais chomhairleoireachta a ghearrtar ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil | 64,890 | 94,661 |
| **Iomlán** | **134,476** | **150,912** |

## Costais dlí agus Socraíochtaí

In 2023, níor thabhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach aon chostais ná socraíochtaí dlí faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| - Bord | 2,126 | 941 |
| - Fostaithe | 167 | 74 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Bord | 308 | 411 |
| - Fostaithe | 701 | – |
| **Iomlán** | **3,302** | **1,426** |

### Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas cliaint* | 14,020 | 9,753 |
| Fáilteachas foirne | 2,043 | 975 |
| **Iomlán** | **16,063** | **10,728** |

* *Áirítear air imeachtaí fiontraíochta agus líonraithe pobail ar an gcampas.*

### Ráiteas ar Chomhlíonadh

Bhí an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 amhail an 31 Nollaig 2023 cé is moite de ghné amháin mar a thuairiscítear thíos.

Bhí tionchar ag cinneadh an Rialtais an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh ar sheachadadh na straitéise trí go cúig bliana a chlúdaíonn tréimhse 2023. Le linn 2023 cuireadh tús le hobair ar sheachadadh straitéise, ach cuireadh é seo ar fionraí go dtí go bhfaighfear soiléireacht ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar amlíne a thabharfaidh éifeacht do chinneadh an Rialtais.

In éagmais straitéis trí go cúig bliana, d'fhaomh an Bord spriocanna/cuspóirí don tréimhse 2023 an 8 Nollaig 2022 agus cuireadh in iúl don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad. D'fhaomh an Bord spriocanna/cuspóirí don tréimhse 2024 an 7 Nollaig 2023 agus cuireadh in iúl don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden** — Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail** — Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 26 Iúil 2024

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

### Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Tugann an córas dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad go tráthúil.

### Cumas Riosca a Bhainistiú

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun tacú lena bhainistiú riosca trí na nithe seo a leanas a bhunú:

(i) beartas bainistithe riosca;

(ii) beartais, nósanna imeachta agus oiliúint iomchuí maidir le bainistiú riosca;

(iii) feidhm iniúchóireachta inmheánaí chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le héifeachtacht an rialaithe inmheánaigh;

(iv) coiste Iniúchóireachta agus Riosca a thacaíonn leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar;

(v) Coiste Réadmhaoine a thacaíonn leis an mBord trí mhaoirseacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht, agus ar éifeachtacht chur chun feidhme bheartais na Gníomhaireachta a bhaineann lena phunann maoine ag an mbainistíocht.

### Creat um Riosca agus Rialú

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe a bhunú a thugann dearbhú go mbainfidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a cuspóirí amach le leibhéal inghlactha riosca iarmharaigh.

Is é atá i gcreat riosca agus rialaithe na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach:

(i) beartas Bainistíochta Riosca arna chomhaontú agus arna shíniú ag an mBord;

(ii) clár Riosca a léiríonn na rioscaí sin atá ábhartha i gcomhthéacs go mbaineann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a cuspóirí foriomlána amach. Taifeadann an Clár Riosca measúnú na Gníomhaireachta ar thionchar agus ar dhóchúlacht gach riosca a shainaithnítear, rialuithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú agus daoine ar leith atá freagrach as a gcur i bhfeidhm agus a n - éifeachtacht. Déanann an Fheidhmeannacht, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Riosca dhá uair sa bhliain ar a laghad. Tuairiscítear teipeanna maidir le rialú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord agus cuirtear gníomh ceartaitheach cuí i bhfeidhm;

(iii) áirítear ar phríomhphróisis na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach chun rioscaí a rialú:

   a) nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó;

   b) creat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n - áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta;

   c) freagrachtaí a shannadh le socruithe comhfhreagracha cuntasachta agus tuairiscithe;

   d) córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a dhéantar a athbhreithniú agus a chomhaontú ag an mBord, athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéis, spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;

   e) córais atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht chórais TFC na Gníomhaireachta a áirithiú;

   f) córais atá i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint;

   g) córais atá i bhfeidhm chun neasteipeanna agus laigí/teipeanna rialaithe inmheánaigh a thuairisciú agus a fhormhéadú.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**
Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an nGníomhaireacht a fheidhmíonn de réir an Chóid Chreata Dea - Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Tá obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca a nochtar an comhlacht dó; tá na pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an anailís ar riosca agus na pleananna d'iniúchadh inmheánach a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus faomhann an Bord iad. Soláthraíonn Iniúchadh Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí don Bhord gach bliain ar a laghad. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim an Iniúchta Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an iniúchta inmheánaigh, ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchta inmheánaigh, ar bhainistíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus ar thuairimí a thugann an tArd - Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Dearbhaím gur choimisiúnaigh an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Rinne gnólacht seachtrach athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha in 2023 agus shínigh Bord na Gníomhaireachta é an 22 Feabhra 2024.

Tá an Ghníomhaireacht réasúnta cinnte go bhfuil córais an Rialaithe Inmheánaigh a tionscnaíodh agus a cuireadh chun feidhme sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023 éifeachtach, agus níor sainaithníodh aon fhadhbanna maidir le rialú inmheánach.

**Fadhbanna i dtaca le Rialú Inmheánach**
Níor sainaithníodh aon fhadhbanna/laigí maidir le rialú inmheánach le linn 2023.

**Soláthar**
Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach atá ceaptha chun comhlíonadh rialacha soláthair a chinntiú.

Le linn 2023, bhí cás amháin ann ina ndearna an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach comhaontú gan tabhairt faoi phróiseas iomaíoch. D'aistrigh príomhsholáthraí seirbhísí bogearraí a dtairiscint seirbhíse chuig an scamall agus níor leor an tréimhse fógra a tugadh don Ghníomhaireacht chun tabhairt faoi sholáthar agus soláthraí nua a ghlacadh ar bord. Ina theannta sin, in éagmais amlíne shainithe chun an Ghníomhaireacht a dhíscaoileadh, níor measadh gurbh fhéidir córais chuntasaíochta a athrú gan tréimhse phleanála gnó mheántéarmach. Níl ach soláthraí amháin ar fáil don bhogearra seo i margadh na hÉireann.

**Faomhadh ag an mBord**
Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Síniú thar ceann an Bhoird:

| | |
|---|---|
| **Paul Holden** | **Fiach Mac Conghail** |
| Cathaoirleach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |

Dáta: 26 Iúil 2024

# Tuarascáil an Ard - Reachtaire Cuntas agus Ciste

**lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais**

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Is é atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2023 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Leagtar amach na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin in aguisín leis an tuairisc seo. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.


Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar eolas eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhar eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil bhaill an Bhoird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tugtar cuntas san aguisín leis an tuairisc seo ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus maidir le hábhair áirithe a dtugaim tuairisc orthu de bhun eisceachta.

### Tobhach ar láithreán folamh

Nochtann Nóta 7.1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais gur lean an Ghníomhaireacht de chaiteachas a thabhú mar thoradh ar thobhach láithreáin folamh a ghearr Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i leith láithreáin atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta nár forbraíodh. Ba é €315,000 an caiteachas a tabhaíodh i leith 2023 (2022: €227,500).



**Seamus McCarthy**
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

2 Lúnasa 2024

### Freagrachtaí bhaill an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil bhaill an Bhoird, tá baill an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid nó nár chóir, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh, dearbhú réasúnach a fháil ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais trí chéile saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is cinnteacht ardleibhéil é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go dtiocfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAanna ar mhíráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go rachadh siad, ina n-aonar nó mar chomhiomlán, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d’iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním amhras gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna na ráitis airgeadais, cibé mar gheall ar chalaois nó ar earráid a aimsiú agus a mheas; ceapaim nósanna imeachta iniúchta a thugann aghaidh ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Tá baol níos mó ann nach n-aimseofáí míráiteas ábhartha de bhun calaoise ná míráiteas de bhun earráide, óir d’fhéadfadh claonpháirteachas, góchumadh, faillí d’aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú an rialúcháin inmheánaigh a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a oireann don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisí gaolmhara a mheas.
- Déanaim cinneadh maidir lena chuí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fuarthas, cibé an ann d’éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint uirthi mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtadh den sórt sin neamhleor, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chuid conclúidí, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas, cothrom le dáta i mo thuairisc. Mar sin féin, d’fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo a bheith ina gcúis leis an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scor de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na faisnéisí, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a chuirean i láthair go cothrom iad.

# Tuarascáil an Ard - Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

**lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais**

Déanaim cumarsáid leis na daoine siúd ar a bhfuil cúram an rialachais maidir le raon feidhme agus tráth ama beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfaighim an t-eolas agus na mínithe uile atá riachtanach don iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál conclúide dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus é sin á dhéanamh agam, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar shlí eile go bhfuil sí á míshonrú go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n - oibriú. Tuairiscím má bhíonn aon chúinsí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i bhfeidhm.

Féachaimse le fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím freisin má bhíonn aon chás ann nár úsáideadh airgead poiblí don chuspóir a leagadh amach dó nó sa chás nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile | 4 | 1,695,495 | 1,497,068 |
| Deontais ón Státchiste | 5 | 2,431,000 | 2,346,060 |
| | | **4,126,495** | **3,843,128** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais a bhaineann leis an bhFoireann | 6 | 1,294,766 | 1,276,683 |
| Costais Oibríochtaí, Ginearálta agus Riaracháin | 7 | 2,961,695 | 2,792,859 |
| Idirchaidreamh Pobail | 8 | 42,250 | 83,670 |
| Tionscnaimh Dhigiteacha | 9 | 71,481 | 49,995 |
| | | **4,370,192** | **4,203,207** |
| **Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(243,697)** | **(360,079)** |
| Laghdú ar luach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | 10 | (4,742,936) | (6,561,680) |
| Gluaiseacht i luach cóir Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | (2,639,915) | (1,679,699) |
| Cáin Chorparáide | 13 | 4,435 | 535 |
| **Easnamh don Bhliain** | | **(7,622,113)** | **(8,600,923)** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | (11,401,403) | (2,800,480) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | (19,023,516) | (11,401,403) |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 26 Iúil 2024

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Easnamh don Bhliain** | | **(7,622,113)** | **(8,600,923)** |
| Gnóthachain (Caillteanais) Achtúireacha ar Dhliteanais Phinsin | 16(c) | 183,000 | 1,788,000 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha | | (183,000) | (1,788,000) |
| **Iomlán na gCaillteanas Aitheanta don bhliain** | | **(7,622,113)** | **(8,600,923)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 26 Iúil 2024

20 BLIAIN

# Ráiteas ar staid airgeadais

**amhail an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 10 | 29,771,381 | 33,780,798 |
| Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | 14,925,000 | 17,100,000 |
| | | 44,696,381 | 50,880,798 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte | 14 | 305,956 | 253,696 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 1,821,370 | 1,342,150 |
| | | 2,127,326 | 1,595,846 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 15 | (1,815,781) | (1,363,472) |
| **Glansócmhainní Reatha Lúide Dliteanais** | | 311,545 | 232.374 |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais roimh Phinsin** | | 45,007,926 | 51,113,172 |
| Maoiniú Pinsean Iarchurtha | 16(c) | 3,410,000 | 3,255,000 |
| Dliteanais Phinsin | 16(c) | (3,410,000) | (3,255,000) |
| **Iomlán Sócmhainní Glana** | | 45,007,926 | 51,113,172 |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 17 | 64,031,442 | 62,514,575 |
| Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil | | (19,023,516) | (11,401,403) |
| | | 45,007,926 | 51,113,172 |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 26 Iúil 2024

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | (7,622,113) | (8,600,923) |
| Dímheas | 10 | 147,612 | 91,101 |
| Athluacháil Réadmhaoine | 10 | 4,742,936 | 6,561,680 |
| Athluacháil Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | 2,639,915 | 1,679,699 |
| (Méadú) Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte | 14 | (52,260) | 32,065 |
| Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | 15 | 452,309 | (28,056) |
| Ús Bainc | | (71) | – |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | 308,328 | (264,434) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | 10 | (881,131) | (325,148) |
| Fáltais ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh a dhíol | 10 | - | 54,000 |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin Infheistíochta a fháil | 11 | (464,915) | (29,699) |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | (1,346,046) | (300,847) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Ús Bainc a Fuarthas | | 71 | – |
| Maoiniú Caipitil | 17 | 1,516,867 | 735,000 |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | 1,516,938 | 735,000 |
| **Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | | 479,220 | 169,719 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir | | 1,342,150 | 1,172,431 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig** | | **1,821,370** | **1,342,150** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Cuireadh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ar bun faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus tá an phríomhoifig lonnaithe san Iosta Digiteach, An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8, D08 TCV4.

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i rith na bliana agus le haghaidh na bliana roimhe sin.

### a) Eolas Ginearálta

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht sin:

(i) forbairt an Mhoil Dhigitigh, lena n - áirítear oibreacha tógála nó cothabhála a dhéanamh, mar shuíomh d'fhiontair dhigiteacha agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara, a fháil, a áirithiú agus a chur chun cinn agus a éascú;

(ii) straitéisí a cheapadh chun daoine aonair agus fiontair atá ag gabháil d'ábhar digiteach agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara a spreagadh chun lonnú sa Mhol Digiteach;

(iii) soláthar bonneagair theicniúil agus chumarsáide a chur chun cinn agus a éascú chun fiontair dhigiteacha a mhealladh chuig an Mol Digiteach;

(iv) plean forbartha a ullmhú de réir Alt 9;

(v) meastacháin a ullmhú ar na costais a bhaineann leis an bplean forbartha a chur i ngníomh agus roghanna maoinithe féideartha a mholadh;

(vi) cur i ngníomh an phlean forbartha a mhaoirsiú agus a bhainistiú;

(vii) dul i gcomhairle le leasanna an phobail áitiúil sa Mhol Digiteach nó in aice leis mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean forbartha;

(viii) comhaontuithe a dhéanamh le daoine eile chun forbairt an Mhoil Dhigitigh a áirithiú cibé acu trí lamháltas, trí chomhfhiontar, trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí nó ar aon mhodh eile;

(ix) comhaontú a dhéanamh, más iomchuí, le duine a shocraigh nó a chuir maoiniú ar fáil chun aon chuid d'fhorbairt an Mhoil Dhigitigh a chur i gcrích.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) í an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

### b) Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus don bhliain roimhe sin de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh cuntasaíochta an fhabhraithe, seachas le haghaidh Deontas Státchiste agus le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na hÉireann le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

**d) Ioncam**

Deontais ón Státchiste

Is gnách go n - aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe; tá eisceacht amháin ina leith seo i gcás Deontais Státchiste a aithnítear ar bhonn fáltas airgid thirim.

Ioncam Deontais Eile

Coinnítear ioncam deontais a bhailítear ach nach dtuilltear mar ioncam iarchurtha ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus leithdháiltear é ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann an deontas.

Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile

Aithnítear ioncam tráchtála agus ioncam eile ar bhonn fabhruithe. Taifeadtar ioncam neamhthuillte mar ioncam iarchurtha agus aistrítear é chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil nuair a thuilltear é.

Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhruithe trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtaigh.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

**(i) Sócmhainní Forbartha**

Is é atá i sócmhainní forbartha talamh agus foirgnimh atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta agus atá le húsáid chun lárionad fiontar nuálach atá bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbairt. Nuair a fhorbraítear iad, tugtar cuntas ar na sócmhainní mar Réadmhaoin Infheistíochta.

Caitear le Sócmhainní Forbartha mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus tomhaistear iad ag baint úsáide as an tsamhail athluachála. Sa chás go méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil. Sa chás go n - aisiompaíonn an méadú laghdú athluachála a aithníodh roimhe seo ar na sócmhainní ábhartha, aithnítear é sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**(ii) Daingneáin agus Feistis, agus Trealamh Ríomhaire**

Luaitear Daingneáin agus Feistis, agus Trealamh Ríomhaireachta ag costas lúide dímheas carntha, arna gcoigeartú d'aon soláthar le haghaidh lagaithe. Cuirtear dímheas ar fáil ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn mhéid chothrom thar a saolré úsáideach measta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 20% sa bhliain |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33¹/₃% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**f) Réadmhaoin Infheistíochta**

Is réadmhaoin í Réadmhaoin Infheistíochta ar a bhfuil forbairt curtha i gcrích agus a choinníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun críche a n - acmhainneacht infheistíochta agus a nginiúint cíosa.

Aithnítear réadmhaoin infheistíochta ag an gcostas ar dtús. Déantar réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa a thomhas ag luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach cóir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**g) Suimeanna infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte ar luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann na méideanna go léir atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**h) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn mhéid chothrom thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

**i) Sochair Fostaithe**

<u>Sochair ghearrthéarmacha</u>

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fabhraíodh ag deireadh na bliana san áireamh faoin Ráiteas ar Staid Airgeadais.

<u>Sochair Scoir</u>

Oibríonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scéim sochar sainithe pinsin.

Tá socrú ag an DHDA leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoina n - aisíocfar leis an DHDA an t - airgead go léir a theastaíonn chun oibleagáidí pinsin a shocrú nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, éilítear ar an DHDA méid atá cothrom le ranníocaíochtaí fostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn móide ranníocaíocht fostóra ag rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill foireann na Gníomhaireachta sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, a choinníonn an Roinn. Aithnítear méid atá comhionann leis na sochair a thuill an fhoireann mar mhaoiniú iarchurtha de réir an tsocraithe aisíocaíochta atá leagtha amach thuas.

Déantar dliteanais scéime pinsin a léirítear le luach reatha na n - íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuill foireann na Gníomhaireachta go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh - mheasta (más cuí). Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais i leith an mhéid Mhaoinithe Phinsin Iarchurtha a mheas ag méid atá cothrom leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

Oibríonn an Ghníomhaireacht an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') freisin do bhaill foirne a chuir tús le fostaíocht san earnáil phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí baill scéime aonair agus ranníocaíocht Fostóra (mar a éilítear faoi chiorclán RCPA 28/2016) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é atá sa mhuirear sochair scoir maidir leis an Scéim Aonair ná ranníocaíocht an Fhostóra.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

**j) Cáin iarchurtha**

De réir FRS 102, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil do cháin iarchurtha ar bhonn 'soláthair iomláin' a eascraíonn as difríochtaí uainiúcháin idir gnóthachain nó caillteanais sna ráitis airgeadais a aithint agus iad a aithint i ríomh cánach. Ní dhéantar iarmhéideanna cánach iarchurtha a lascainiú mar go meastar nach mbeadh éifeacht na lascainithe ábhartha.

**k) An Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach na sócmhainní a aistríodh chuig an nGníomhaireacht tráth a bunaithe agus ina dhiaidh sin móide maoiniú caipitil agus deontais eile a fuarthas.

## 2. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear i dtaobh sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus na méideanna a thuairiscítear i dtaobh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmhartacha

Tá athbhreithniú déanta ag an nGníomhaireacht ar shaol sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n - aicmí sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistis, agus trealamh ríomhaireachta agus bhain sí de thátal as go bhfuil saol sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí is bonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a shonraítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí maidir le treocht na gcostas cúram sláinte) a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar chúinsí eacnamaíocha reatha, agus i dtaobh athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin;
- leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo;
- rátaí maidir le treocht na gcostas cúram sláinte, ráta boilscithe na gcostas leighis sna réigiúin ábhartha.

Luacháil Réadmhaoine

Is iad saineolaithe luachála eastáit réadaigh na Gníomhaireachta a chinneann luach cóir na réadmhaoine infheistíochta trí úsáid a bhaint as teicnící luachála aitheanta agus as prionsabail FRS102. Leagtar amach go mion i nóta 12 na modhanna agus na toimhdí suntasacha a úsáideann luachálaithe agus luach cóir na réadmhaoine infheistíochta agus na sócmhainní forbartha á meas acu.

### 3. Gnóthas Leantach agus Forbairt Amach Anseo

Íocann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a costais oibriúcháin faoi láthair ó mheascán de dheontais Státchiste agus ioncam tráchtála.

I mí Aibreáin 2021, chinn an Rialtas an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh agus go bhfuil a sócmhainní talún agus réadmhaoine go léir le haistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Teastaíonn reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Leanann an Ghníomhaireacht uirthi ag luacháil a sócmhainní infheistíochta agus forbartha i gcomhréir lena beartais chuntasaíochta. Tá impleachtaí I.R. 106/2023 maidir le luacháil Talún Poiblí Ábhartha á mbreithniú ag an mBord, áfach, agus lorg sé comhairle maidir le hoiriúnacht leanúnach bhonn luachála a cuid sócmhainní sna Ráitis Airgeadais. De réir mar a tháinig na rialacháin i bhfeidhm in 2023, tá siad fós le cur i bhfeidhm ar aon talamh poiblí ábhartha chomh fada agus is eol dúinn. Déanfaidh an Bord monatóireacht ar dhul chun cinn an Mháistirphlean do Thrasnú Chrann Piorraí do shuíomhanna an Mhoil Dhigitigh agus ar an luacháil chuí ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais.

Tá litir tacaíochta curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina n - athdhearbhaítear a tiomantas maoiniú ón Státchiste a chur ar fáil chun cabhrú leis an nGníomhaireacht a costais a ghlanadh in 2023 agus don tréimhse amach anseo a theastaíonn chun a foirceannadh ordúil a éascú.

Sna cúinsí a thuairiscítear thuas, is deimhin leis an mBord go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite agus measann sé dá bhrí sin go bhfuil sé iomchuí na cuntais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Leanann an Ghníomhaireacht uirthi ag luacháil a sócmhainní infheistíochta agus forbartha i gcomhréir lena beartais chuntasaíochta.

### 4. Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile

San áireamh in Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile tá ioncam Smart D8 arb ionann é agus €107,500 (2022: €108,400) agus ioncam féile Beta €123,385 (2022:Nialas).

### 5. Deontais ón Státchiste

Deimhníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach go bhfuil córais rialaithe airgeadais leordhóthanacha i bhfeidhm aici chun cistí deonaithe a bhainistiú de réir treoirlínte faoi Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is iad seo a leanas na deontais a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, a tugadh faoi Alt 29 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 (Vóta 29: Fo - cheannteideal D5) chun críocha caiteachais ag an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a feidhmeanna:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---:|---:|
| **Reatha** | | |
| Oibríochtaí | 2,279,000 | 2,194,060 |
| Idirchaidreamh Pobail | 70,000 | 70,000 |
| Tionscnaimh Dhigiteacha | 82,000 | 82,000 |
| | **2,431,000** | **2,346,060** |
| **Caipiteal** | | |
| Oibreacha Forbartha agus bainistiú láithreán tréigthe* | 1,516,867 | 735,000 |

* *Maoiniú ón Státchiste a fuarthas agus a caipitlíodh maidir le hoibreacha forbartha.*

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

## 6. Costais a bhaineann leis an bhFoireann

### a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

Ba é 12 (2022:12) meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht le linn na bliana. Ina theannta sin, coinníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach seirbhísí ball foirne amháin de chuid gníomhaireachta tríú páirtí. Ba iad seo a leanas na costais chomhiomlána párolla

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| **Sochair ghearrthéarmacha** | | |
| Foireann ar thuarastal | 938,161 | 908,588 |
| Foireann ghníomhaireachta tríú páirtí | 58,209 | 49,780 |
| Foireann ar Iasacht | – | 33,588 |
| Táillí Bhaill an Bhoird | 50,445 | 46,568 |
| ÁSPC an Fhostóra | 99,996 | 97,929 |
| Ranníocaíocht Phinsin Fostóra | 147,955 | 140,230 |
| | **1,294,766** | **1,276,683** |

### b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 938,161 | 908,588 |
| Liúntais | – | – |
| Sochair Foirceanta | – | – |
| Árachas Sláinte | – | – |
| | **938,161** | **908,588** |

### c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach comhdhéanta de bhaill an Bhoird, an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Phríomhoifigigh Airgeadais. Is ionann luach iomlán na sochar d’fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta agus €291,018 in 2023 (2022: €288,947).

Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse. Ní baill den scéim pinsin iad Baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim Pinsin Aoisliúntais na Gníomhaireachta, agus tá an Príomhoifigeach Airgeadais ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair.

### d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

B'ionann pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais agus €129,078 le haghaidh 2023 (2022: €122,711).

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim Pinsin Aoisliúntais na Gníomhaireachta agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsin seirbhíse poiblí eiseamláireacha. Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas.

Cloíonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach le beartas pá an Rialtais agus le téarmaí Chomhaontú Bhóthar Lansdún a tháinig i bhfeidhm ón 1 Iúil 2016. In 2023, baineadh €30,445 den phárolla i leith na ranníocaíochta aoisliúntais breise (ASC) agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é (2022: €29,118). In 2023, bronnadh caiteachas €3,000 (2022: €3,000) ar an bhfoireann mar aitheantas d'fhostaithe.

Tabhaíodh costais bhreise a bhaineann le baill foirne arbh fhiú €2,043 san iomlán iad (2022: €975) maidir le himeachtaí foirne.

### e) Miondealú ar an bhFoireann ar thuarastal (os cionn €60,000)

| | Líon na bhFostaithe 2023 | Líon na bhFostaithe 2022 |
|---|---|---|
| €60,000 go €69,999 | 1 | 2 |
| €70,000 go €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 go €89,999 | 2 | 2 |
| €90,000 go €99,999 | – | – |
| €100,000 go €109,999 | – | – |
| €110,000 go €119,999 | 1 | 1 |
| €120,000 go €129,999 | 2 | 2 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

## 7. Costais Oibríochtaí, Ginearálta agus Riaracháin

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---:|---:|
| Taisteal agus Cothabháil | 3,302 | 1,354 |
| Costais a bhaineann le Réadmhaoin | 1,634,967 | 1,588,370 |
| Árachas | 200,815 | 170,619 |
| Costais a bhaineann le Margaíocht | 20,040 | 30,191 |
| Costais a bhaineann le Réadmhaoin | 12,663 | 19,611 |
| Tobhach Láithreáin Fholmha (féach Nóta 7.1) | 315,000 | 227,500 |
| Seirbhísí Gairmiúla (féach Nóta 7.2) | 194,533 | 191,209 |
| Forchostais Oifige (Féach Nóta 7.3) | 211,792 | 236,024 |
| Costais Díscaoilte (Féach Nóta 7.4) | – | 21,782 |
| Soláthar Smart D8 le haghaidh Caiteachais (Féach Nóta 7.5) | 82,098 | 199,838 |
| Soláthar Beta le haghaidh Caiteachais (Féach Nóta 7.5) | 123,385 | – |
| Táille Iniúchóireachta | 13,334 | 13,334 |
| Dímheas (féach Nóta 10) | 147,612 | 91,101 |
| Táillí Bainc | 2,154 | 1,926 |
| | **2,961,695** | **2,792,859** |

### 7.1 Tobhach Láithreáin Fholaimh

Tá an campas comhdhéanta de réadmhaoin forbartha agus infheistíochta lena n - áirítear roinnt láithreán tionsclaíoch tréigthe. Maidir leis an mbliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2023 ba é 7% de luach an láithreáin an ráta iníoctha agus b'ionann tobhach an láithreáin fholaimh (VSL) agus €315,000. Tá an VSL le n-íoc i gcónaí i leith gach bliana ina dhiaidh sin go measann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil an láithreán folamh. Cé go ndéanann an Ghníomhaireacht gach iarracht a chinntiú go gcoinnítear tobhaigh chomh híseal agus is féidir, níl na hacmhainní ag an nGníomhaireacht a theastaíonn chun na suíomhanna a fhorbairt léi féin. Maidir leis sin, tá an leibhéal VSL a fhorchuirtear ar an nGníomhaireacht lasmuigh dá smacht díreach.

### 7.2 Seirbhísí Gairmiúla

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---:|---:|
| Earcaíocht | 29,906 | 4,762 |
| Luacháil Réadmhaoine | 6,115 | 17,041 |
| Cúrsaí dlí/Iniúchadh Inmheánach/Cánachas | 37,552 | 37,410 |
| CP/Gnóthaí Poiblí | 93,601 | 91,644 |
| Seirbhísí Eile | 27,359 | 40,352 |
| | **194,533** | **191,209** |

### 7.3 Forchostais Oifige

In 2023, chuimsigh Forchostais Oifige dhá léas oibriúcháin nach féidir a chealú, dar mhéid iomlán €4,720 (2022: €1,495).

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa iomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin | 1,180 | 1,495 |
| Tráth is déanaí ná bliain amháin agus tráth nach déanaí ná cúig bliana | 3,540 | – |
| | **4,720** | **1,495** |

### 7.4 Costais díscaoilte

Tar éis fhógra an Rialtais an 27 Aibreán 2021 chun an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh agus na sócmhainní a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún, thabhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach táillí breise dlí agus gairmiúla maidir leis an ábhar seo arbh ionann iad agus nialas (€21,782).

### 7.5 Tionscnaimh eile Smart D8 agus Féile Beta

In 2020, sheol an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach Smart D8 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal San Séamas. Cuireadh an tionscnamh ar bun chun réiteach nuálach a fhorbairt ar mhaithe le Sláinte agus Folláine an phobail i mBaile Átha Cliath 8. Baineann sé le roinnt gnéithe amhail oibriú le cónaitheoirí áitiúla, soláthraithe cúraim sláinte, gnólachtaí nuathionscanta comhpháirtithe tionscail agus taighdeoirí acadúla chun feidhmchláir a fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar shaol na cathrach agus ar shláinte agus ar fholláine na saoránach sna blianta amach romhainn.

Mar gheall ar rath an tionscnaimh Smart D8 cuireadh síneadh dhá bhliain breise leis an tionscadal ó Dheireadh Fómhair 2022. Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar phríomhpháirtí ag fáil maoiniú Smart D8 ó chomhpháirtithe éagsúla don chéad chéim eile den tionscadal. Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach €30,000 leis an tionscadal in 2023 freisin. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí €184,119 faighte roimh ré. Coinnítear na cistí sin i gcuntas bainc atá ainmnithe go sonrach chun críche thionscnamh Smart D8. Léirítear an €184,119 mar dhliteanas i gcuntais na Gníomhaireachta freisin agus áirítear é i "Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe" i Nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

I gcomhpháirtíocht le Aisling Murray sheol an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach Féile Beta, féile ealaíne agus teicneolaíochta, i mí na Samhna 2023 ar champas an Mhoil Dhigitigh. Chuir an Ghníomhaireacht maoiniú €27,000 leis chomh maith le €14,481 a bhain le costais Margaíochta agus CP.

## 8. Idirchaidreamh Pobail

Baineann sé leis an gcostas a bhaineann le cláir phobail áitiúla a chur ar fáil.

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Seachadadh Clár | 42,250 | 81,720 |
| Costais eile | – | 1,950 |
| | **42,250** | **83,670** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

## 9. Tionscnaimh Dhigiteacha

Baineann sé le costas tionscadal agus tionscnamh digiteach a sholáthraíonn áis tástála d'úsáid na meán digiteach.

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Future Creators | – | 19,995 |
| Féile Beta | 41,481 | – |
| Smart D8 (Nóta 7.5) | 30,000 | 30,000 |
| | **71,481** | **49,995** |

Caipitlíodh costais €30,270 (2022: €18,748). Ba é €144,001 (2022: €152,413) an caiteachas iomlán maidir le buiséad an Idirchaidrimh Phobail agus na dTionscnamh Digiteach.

## 10. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Sócmhainní Forbartha € | Daingneáin agus Feistis € | Trealamh Ríomhaireachta € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 33,375,012 | 3,189,940 | 1,415,680 | 37,980,632 |
| Breiseanna | 392,936 | 435,995 | 52,200 | 881,131 |
| Athluacháil | (4,742,936) | – | – | (4,742,936) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **29,025,012** | **3,625,935** | **1,467,880** | **34,118,827** |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | – | 2,835,440 | 1,364,394 | 4,199,834 |
| Muirear don bhliain | – | 111,550 | 36,062 | 147,612 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **–** | **2,946,990** | **1,400,456** | **4,347,446** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 33,375,012 | 354,500 | 51,286 | 33,780,798 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **29,025,012** | **678,945** | **67,424** | **29,771,381** |

## 11. Réadmhaoin Infheistíochta

Tá an ghluaiseacht i luach anonn na sócmhainní atá i seilbh mar Réadmhaoin Infheistíochta leagtha amach thíos.

| Réadmhaoin Infheistíochta | 31 Noll 2022 € | Breiseanna € | Diúscairt € | Athluacháil € | 31 Noll 2023 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Iosta Digiteach | 4,050,000 | 132,248 | – | (582,248) | 3,600,000 |
| Gatelodge | 650,000 | 13,480 | – | (113,480) | 550,000 |
| An Chúirt Dhigiteach | 3,750,000 | 57,454 | – | (357,454) | 3,450,000 |
| 10 -13 Sráid Thomáis | 1,200,000 | 62,778 | – | (162,778) | 1,100,000 |
| 157 Sráid Thomáis | 1,450,000 | 38,128 | – | (288,128) | 1,200,000 |
| 85 -87 Sráid Thomáis | 600,000 | 112,252 | – | (212,252) | 500,000 |
| Townhouse Twenty2 | 1,200,000 | 17,718 | – | (217,718) | 1,000,000 |
| Spásanna gluaisteáin Shráid Bonham | 500,000 | – | – | (75,000) | 425,000 |
| Grainstore | 3,700,000 | 30,857 | – | (630,857) | 3,100,000 |
| | **17,100,000** | **464,915** | – | **(2,639,915)** | **14,925,000** |

## 12. Athluacháil Réadmhaoine

(i) Éilíonn FRS 102 athluacháil gach bliain ar luach cóir (comhionann le luach an mhargaidh oscailte) réadmhaoine infheistíochta agus tugtar athruithe luacha chuig Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil. Ní úsáidtear an tsamhail chostais lúide dímheas ach amháin mura féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa gan costas nó iarracht iomarcach. D'fhostaigh an Ghníomhaireacht gnólacht gairmiúil luachálaithe chun luacháil neamhspleách a dhéanamh ar réadmhaoin na Gníomhaireachta.

(ii) Mar gheall ar ghluaiseachtaí i luachanna réadmhaoine le blianta beaga anuas, rinne gnólacht gairmiúil luachálaithe luachálacha neamhspleácha amhail an 31 Nollaig 2023 a raibh muirir lagaithe ábhartha mar thoradh orthu.

(iii) Cinneadh an luacháil ar bhonn ioncam cíosa agus nádúr gearrthéarmach na gceadúnas agus na léasanna éagsúla, suíomh, riocht na réadmhaoine agus coinníollacha ginearálta an mhargaidh á gcur san áireamh.

(iv) Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach teoranta don réadmhaoin ábhartha a úsáid le haghaidh fiontar digiteach agus chun críocha forbartha measctha. Cuireadh é sin san áireamh agus na luachálacha á gcinneadh.

<u>Sócmhainní Forbartha</u>

Mar a leagtar amach sna Beartais Chuntasaíochta, déantar Sócmhainní Forbartha a luacháil trí úsáid a bhaint as an tsamhail athluachála.

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Sócmhainní Forbartha amhail an 31 Nollaig 2023 rinneadh athluacháil fhoriomlán síos dar luach €4,742,936 (2022: síos €6,561,680), a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

<u>Réadmhaoin Infheistíochta</u>

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Réadmhaoine Infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2023 rinneadh athluacháil fhoriomlán síos dar luach €2,639,915 (2022: síos €1,679,699) a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

## 13. Cánachas

Tá an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas Cáin Chorparáide a íoc maidir le hioncam úis (Cás III/IV) agus ioncam cíosa (Cás V). Déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil freisin do Cháin Iarchurtha ar bhonn 'soláthair iomláin' a eascraíonn as difríochtaí uainiúcháin idir gnóthachain nó caillteanais sna ráitis airgeadais a aithint agus iad a bheith aitheanta i ríomh cánach.

a) Seo a leanas an cánachas a gearradh /(a cuireadh do shochar) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin Éireannach ar bhrabúis na bliana airgeadais | – | – |
| **Cáin reatha iomlán** | – | – |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Tionscnamh agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | (4,435) | (535) |
| Rósholáthar i mblianta roimhe seo | – | – |
| **Cáin iarchurtha iomlán** | **(4,435)** | **(535)** |
| **Cáin iomlán** | **(4,435)** | **(535)** |

Soláthraíonn Alt 610 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Sceideal 15) díolúine don Ghníomhaireacht ó Cháin Ghnóthacháin Chaipitiúil ar dhiúscairtí a rinneadh an 1 Eanáir 2008 nó dá éis. Maidir le gach dliteanas cánach eile, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dícheall a bheith eiseamláireach maidir lena cloí le dlíthe cánachais agus i déanamh de réir a hoibleagáidí cánach.

b) **Réiteach idir costas cánach a áirítear i mbrabús agus caillteanas agus i mbrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin arna iolrú faoin ráta cánach is infheidhme:**

Tá an cháin a measúnaíodh don bhliain airgeadais difriúil leis an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (25%). Mínítear na difríochtaí thíos:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (7,626,548) | (8,601,458) |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta cánach is infheidhme i bPÉ 25% (2022 25%) | (1,906,637) | (2,150,365) |
| Tionchar na nithe seo: | | |
| Caiteachas gan a bheith inasbhainte | 33,236 | 83,858 |
| Liúntais chaipitiúla de bhreis ar dhímheas | (24,080) | (3,261) |
| Úsáid liúntas caipitiúil iomarcach | 51,768 | 9,423 |
| Cáin iarchurtha | (4,435) | (535) |
| Gluaiseacht i luach cóir Réadmhaoin Infheistíochta (nach bhfuil faoi réir cánach) | 1,845,713 | 2,060,345 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí (nóta 13(a))** | **(4,435)** | **(535)** |

## 14. Suimeanna infhaighte

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna Infhaighte Cíosa | 43,478 | 19,812 |
| Cáin Chorparáide | – | 10,365 |
| Suimeanna Infhaighte agus Réamhíocaíochtaí Eile | 214,531 | 178,068 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha* | 44,261 | 39,826 |
| Ioncam Fabhraithe | 2,620 | 5,625 |
| CBL | 1,066 | – |
| | **305,956** | **253,696** |
| ** Sócmhainn/( Dliteanas) Cánach Iarchurtha* | | |
| Ar Dhaingeáin agus Feistis | 44,261 | 39,826 |

| Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith na bliana | Iarmhéid 31 Nollaig 2022<br>€ | Aitheanta in I agus C<br>€ | Iarmhéid 31 Nollaig 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ar Dhaingeáin agus Feistis | 39,826 | 4,435 | 44,261 |

## 15. Suimeanna iníoctha (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | | |
| – Oibríochtaí | 816,470 | 430,015 |
| – Forbairt Réadmhaoine | 783,241 | 663,817 |
| – Ioncam Iarchurtha (Smart D8) | 184,119 | 159,938 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla agus Cáin Conarthaí Ábhartha | 11,277 | 8,977 |
| Asbhaintí Éagsúla | 4,770 | 11,808 |
| Fabhrú pá saoire | 10,373 | 8,274 |
| CBL | – | 6,817 |
| Éarlaisí Slándála ó Thionóntaí | 144,264 | 156,633 |
| Ioncam Iarchurtha | 10,396 | 43,257 |
| ÍMAT agus ÁSPC | 34,990 | 33,874 |
| | **1,815,781** | **1,363,472** |

I mí na Nollag 2023, bronnadh €10,396 (2022: €43,157) ar Ghníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (an Clár Discover) a bhain leis an mbliain airgeadais 2024 agus déileáladh leis an méid sin mar ioncam iarchurtha.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

## 16. Costais Phinsin

### a) Scéim pinsin

Faoi Alt 21 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, soláthraíonn an Ghníomhaireacht scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú dá baill foirne agus ina leith, faoi réir faofa ón Aire. Feidhmíodh Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta agus Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí ar 'bhonn riaracháin' faofa go dtí go gceadaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide í go foirmiúil an 27 Márta 2017 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Soláthraíonn an scéim Aoisliúntais sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) agus sochair aisce báis i leith bás i mbun seirbhíse. Soláthraíonn an scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí sochair phinsin do chéilí a mhaireann agus do leanaí cleithiúnacha na mball éagtha. Déantar foráil do na sochair atá iníoctha le baill na scéime Aonair faoi théarmaí na scéime sin faoi bhainistíocht na RCPA. Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamhchistithe iad an dá scéim.

Baintear tobhaigh phinsin as tuarastail agus íoctar iad leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide gach bliain mar aon le ranníocaíocht an fhostóra. Faoin socrú atá i bhfeidhm, aisíocfaidh an RCAC dliteanas pinsin na Gníomhaireachta ina iomláine de réir mar a bheidh, agus nuair a bheidh na dliteanais sin dlite. Aithníonn an Ghníomhaireacht a ceart chun na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith.

Tá an chóireáil agus na nochtaí a éilítear leis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Sochair Scoir) curtha in oiriúint ag an mBord chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú. Is ionann dliteanas pinsin FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2023 agus €3,410,000 (2022: €3,255,000).

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2023. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críocha FRS 102.

### b) Boinn tuisceana airgeadais

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime faoi FRS 102 a ríomh:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.15% | 3.50% |
| Méadú ar an ráta tuarastail | 3.75% | 4.00% |
| Méadú ar an ráta pinsin | 3.25% | 3.50% |
| Méadú ar an ráta boilscithe | 2.25% | 2.50% |
| Ionchas saoil ag aois 65: Fir | 22.0 bliain | 21.9 bliain |
| Ionchas saoil ag aois 65: Mná | 24.4 bliain | 24.3 bliain |

c) Costais Phinsin

i) Anailís ar chostais phinsin iomlána a gearradh ar chaiteachas

Gearrtar Costas Pinsin €147,955 ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir socruithe maoinithe a aontaíodh leis an RCAC. In éagmais an tsocraithe aisíocaíochta, bheadh an tionchar ar chostais:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí Fostóra (Príomhscéim) | 93,299 | 87,483 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra (scéim SPSPS) | 54,656 | 52,746 |
| Costas seirbhíse reatha * | 220,000 | 304,000 |
| Costais Úis | 122,000 | 60,000 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Státchiste Iarchurtha | (342,000) | (364,000) |
| | **147,955** | **140,230** |

** Cuireadh ranníocaíocht fostaí €47,802 (2022: €45,107) san áireamh agus an costas seirbhíse reatha á ríomh.*

ii) Gluaiseacht i nGlandhliteanas Pinsin

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Glandhliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 3,255,000 | 4,686,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 220,000 | 304,000 |
| Costas Úis | 122,000 | 60,000 |
| Caillteanas (gnóthachan) achtúireach ar dhliteanais scéime | (183,000) | (1,788,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (4,000) | (7,000) |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | **3,410,000** | **3,255,000** |

## 17. An Cuntas Caipitil

| | | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| 1 Ean | Iarmhéid Tosaigh | 62,514,575 | 61,779,575 |
| | Maoiniú: Státchiste | | |
| | – Oibreacha Forbartha | 1,516,867 | 735,000 |
| 31 Noll | Iarmhéid Deiridh | **64,031,442** | **62,514,575** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023**

**18. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara**

Tá príomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach comhdhéanta den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, den Phríomhoifigeach Airgeadais agus de bhaill an Bhoird. B’ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n - áirítear táillí agus costais bhaill an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €293,576 (2022: €288,947).

**19. Imeachtaí tar éis an Chláir Chomhardaithe**

Níor tharla aon teagmhais shuntasacha tar éis na tréimhse tuairiscithe a d’éileodh athbhreithniú ar na figiúirí nó nochtadh sna ráitis airgeadais.

**20. Faomhadh na Ráitis Airgeadais**

D’fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26ú Iúil 2024.

THE DIGITAL HUB

An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

**Gníomhaireacht Forbartha**
**don Mhol Digiteach**
An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8
D08 TCV4, Éire

**T:** +353 1 480 6200
**R:** info@thedigitalhub.com
www.thedigitalhub.com